Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2007

Office of the Refugee Applications Commissioner Annual Report 2007

Oifig an
Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Tuarascáil Bhliantúil 2007

Tuarascáil Bhliantúil 2007

Clár

Réamhrá leis an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe *4*

Ráiteas Bunchuspóra *6*

Cé is Iarrthóir Tearmainn Ann? *7*

An Sainmhíniú ar Dhídeanaí *7*

Cuid 1 – Túseolas *9*

Cuid 2 – Forbairtí Ríthábhachtacha i 2007 *13*

Cuid 3 – Dul chun cinn ar Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2007-2009 *21*

Sprioc Ardleibhéil 1 *22*

Sprioc Ardleibhéil 2 *25*

Sprioc Ardleibhéil 3 *27*

Sprioc Ardleibhéil 4 *29*

Sprioc Ardleibhéil 5 *30*

Cuid 4 – Aguisíní *37*

Aguisín 1 Struchtúr Fhoireann Bhainistíochta na hOifige *38*

Aguisín 2 Forléargas ar Aonaid na hOifige *39*

Aguisín 3 Staitisticí Iarratas/Próiseála *41*

Aguisín 4 Staitisticí Rialachán Bhaile Átha Cliath II *47*

Aguisín 5 Ceisteanna a d'Fhreagair an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí agus An tAonad Cóipeála/Clárúcháin i 2007 *52*

Aguisín 6 Sonraí Airgeadais *53*

Gluais Téarmaí *55*

Réamhrá leis an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe

Tá áthas orm an seachtú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe a chur i láthair. Is í seo an chéad tuarascáil ó ceapadh mé im' Choimisinéir in Iúil 2007. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil cuntas ar dhul chun cinn maidir le seachadadh i 2007.

Seo í an chéad tuarascáil bhliantúil i dtaobh cur i ngníomh ár *Ráiteas Straitéise 2007-2009*. Cur chuige comhpháirtíochta is ea a úsáideadh leis an Ráiteas a cheapadh agus chuathas i gcomhairle go forleathan lenár bpáirtithe leasmhara uile mar chuid de sin. Socraíonn sé an treo do ghníomhaíochtaí na hOifige sa tréimhse idir foilsiú an Ráitis agus na socruithe nua reachtúla atá beartaithe faoina gcomhchuimseofar an Oifig i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS).

Bhí dúshláin mhóra le sárú ag an Oifig i 2007 chun freastal dár n-oibleagáidí faoin dlí intíre agus an dlí idirnáisiúnta. Gheofar sa Tuarascáil Bhliantúil seo mionchur síos ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh le linn 2007 maidir le spriocanna agus cuspóirí na Straitéise a bhaint amach.

Fuarthas 3,985 iarratas san iomlán ar stádas dídeanaí sa bhliain 2007. B'ionann sin agus laghdú de 7% ar iarratais i gcomparáid le 2006 agus ba é an méid bliantúil iarratas ab ísle é ó 1997.

Próiseáladh iarratais a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire san iomlán laistigh de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais, ach i gcásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile. Próiseáladh cásanna eile ar an iomlán go críoch laistigh de 13 go 15 seachtain ó dháta an iarratais le linn na chéad sé mhí de 2007. Fadaíodh an tréimhse ama le haghaidh próiseáil na na gcásanna sin beagán sa dara leath den bhliain i ngeall ar mhéadú i gcastacht na gcásanna agus ráta ard athraithe i gcás foireann chleachta.

Rinneadh meastóireacht intí ar na hAonaid Phróiseáil Cásanna agus Tacaíochta i Lúnasa 2007 mar chuid d'athbhreithniú leanúnach ar nósanna imeachta san Oifig chun dlús a chur le próiseáil, agus mar thoradh air sin rinneadh na hAonaid sin a athstruchtúrú chun nósanna imeachta a líomhchóiriú tuilleadh. Lena chois sin tugadh faoi roinnt tionscnamh chun cuidiú le cásoibrithe a ndualgas a chur i gcrích, lena n-áirítear cláir oiliúna eile maidir le Cinneadh Stádas Dídeanaí (RSD) a forbraíodh intí faoi threoir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe agus tugadh isteach ríomhairí glúine do chásoibrithe atá bainteach leis an bpróiseas agallóireachta, rud a chuir go mór le próisis an agallaimh agus an chinnidh leantaigh.

Bhí Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe ag obair go dlúth leis an Oifig i gcónaí i 2007 chun oiliúint, treoir agus meantóireacht a sholáthar don fhoireann maidir leis an gcleachtadh idirnáisiúnta is fearr atá ag teacht chun cinn maidir le himscrúdú agus cinneadh iarratas agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumas meantóireachta agus oiliúna na hOifige féin. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe as an gcomhar leanúnach le m'Oifigse.

Dúshlán i gcónaí é do m'Oifig an líon athbhreithnithe bhreithniúnacha a fhaightear. Fuarthas 440 athbhreithniú breithiúnach i 2007, ar mhéadú suntasach é sin ar 2006. In ainneoin sin, déileáladh le hathbhreithnithe breithiúnacha ar bhonn reatha.

Rinneadh an úsáid ba mhó ab fhéidir san Oifig as Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE, a chinneann cé acu Stát den AE atá freagrach as iarratas ar thearmann a phróiseáil, agus rinneadh 368 cinneadh i 2007. Chun tacú le próiseas Bhaile Átha Cliath, tugadh isteach Uathchóras Aithint Méarlorg (AFIS) nua i nDeireadh Fómhair 2007 a d'athraigh gabháil méarlorg ó chóras láimhe go córas leictreonach, agus a sholáthair cumas feabhsaithe méarlorgaireachta don Oifig mar aon le hacmhainn níos fearr chun eolas a mhalartú le córas méarlorgaireachta EURODAC san AE.

Bhí an Oifig bainteach i gcónaí le forbairt an Chláir um Chomhtháthú Straitéiseach Tearmainn agus Inimirce (AISIP) nua a fhéachann le haon bhonneagar Theicneolaíocht Faisnéise (TF) amháin a chruthú idir na gníomhaireachtaí agus na rannáin éagsúla de Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tearmainn agus inimirce.

Rinneadh mórchuid oibre i gcaitheamh na bliana chun pleanáil do thabhairt isteach na reachtaíochta nua um Inimirce, Cónaí agus Cosaint a fhorálann do bhunú aon nós imeachta amháin faoin mbreithneofar i dteannta a chéile gach foras ar a bhfanfadh duine sa Stát (cosaint nó eile). Comhchuimseofar an Oifig san INIS le hachtú agus tús feidhme an Bhille.

Bhí an Oifig bainteach chomh maith i roinnt Foirne Tionscadail um Bhainistiú ar Athrú a bhunaigh an INIS chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh cur i ngníomh na reachtaíochta nua. Tá na foirne seo ag déileáil le raon ceisteanna amhail Seirbhís agus Struchtúir Chomhroinnte, Cumarsáid, Oiliúint agus Teicneolaíocht Faisnéise, agus tá Foireann Idirlinne Nós Imeachta Aonair ann chomh maith.

Fócas de chuid na hOifige ab ea seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gcónaí i gcaitheamh na bliana. Rinneadh dhá cheann de shuirbhéanna ar chustaiméirí, ceann san Áit Feithimh ar Agallaimh agus an ceann eile ag an agallamh substaintiúil. Dheimhnigh na suirbhéanna seo go bhfuil custaiméirí na hOifige an-sásta le leibhéal na seirbhíse a fhaigheann siad agus bhí siad an-mholtach mar gheall ar éifeachtacht agus cairdiúlacht na foirne.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le foireann na hOifige seo ar chuidigh a dtiomantas, a ngairmiúlachas agus a n-obair dhian linn tráthchlár dúshlánach a chomhlíonadh le linn 2007 agus glacadh go fonnmhar le héilimh atá ag athrú de réir mar a théimid ar aghaidh. I gcaitheamh na bliana, bhíomar tiomanta i gcónaí do raon tionscnamh forás foirne agus don phróiseas comhpháirtíochta chomh maith.

Ar deireadh, ba mhaith liom focal ómóis a rá i dtaobh obair dhian agus thiomantas an té a chuaigh romham, Berenice O'Neill, a d'éirigh as a post mar Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe in Iúil 2007. Chuidigh Berenice go mór le forbairt na hOifige ó bunaíodh í i 2000, thug sí cinnireacht agus treoir don fhoireann agus chinntigh gur cuireadh an creat reachtúil a bhí ann i bhfeidhm go cothrom i gcás daoine a d'iarr tearmann sa Stát.

David Costello
Coimisinéir

Is é Ráiteas Bunchuspóra Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe de réir Acht na nDídeanaithe, 1996:

(i) imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine atá ag lorg dearbhú um stádas dídeanaí agus moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,

agus

(ii) imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhídeanaithe go gceadófaí do dhaoine ina dteaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin,

agus, dá réir sin, seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí trí beartais agus nósanna imeachta atá cóir agus oscailte a chur i ngníomh, agus caitheamh le gach iarrthóir le cúirtéis agus le tuiscint.

Cé is Iarrthóir Tearmainn Ann?

Iarrthóir tearmainn is ea duine ar mian leis/léi aitheantas a fháil mar dhídeanaí de réir théarmaí Choinbhinsean 1951 na Ginéive maidir le stádas dídeanaithe agus Prótacal gaolmhar 1967, a sholáthraíonn an bunús leis an gcóras idirnáisiúnta um chosaint dídeanaithe.

An Sainmhíniú ar Dhídeanaí

An sainmhíniú ar dhídeanaí i ndlí na hÉireann ná “duine atá, de dheasca eagla a bhfuil bonn léi go ndéanfar géarleanúint a imirt air nó uirthi ar chúiseanna cine, creidimh nó náisiúntachta, nó ar chúiseanna comhaltas grúpa sóisialach ar leith nó tuairimí polaitíochta a bheith aige nó aici, lasmuigh de thír a náisiúntachta agus nach bhfuil sé nó sí in ann nó, de bharr na heagla sin, nach bhfuil sé nó sí toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin; nó duine, nach bhfuil náisiúntacht aige nó aici agus atá lasmuigh de thír a iarghnáthchónaithe nó a hiarghnáthchónaithe, nach bhfuil in ann nó, de bharr na heagla sin, nach bhfuil toilteanach filleadh uirthi…”

1

Túseolas

An Creat Dlí

Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, bunaíodh dhá oifig reachtúla neamhspleácha, Samhain 2000, chun breithniú a dhéanamh ar iarratais/achomhairc le haghaidh stádas dídeanaí agus chun moltaí a dhéanamh don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i dtaobh ar chóir an stádas sin a dheonú. Is iad an dá oifig sin ná Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (ORAC), a bhreithníonn iarratais ar dhearbhú mar dhídeanaí don chéad chéim agus an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, a bhreithníonn iarratais ar dhearbhú ag céim an achomhairc.[1]

Tá feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe leagtha amach in Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú leis an Acht Inimirce,1999, leis an Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, an Acht Inimirce, 2003 agus an Acht Inimirce 2004. Sa tuarascáil seo, ciallaíonn an téarma "Acht na nDídeanaithe,1996" Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú).

Ina theannta sin, bíonn aird ag an Oifig ar na hIonstraimí Reachtúla (IR) seo a leanas le linn di a gnó a sheoladh:

- I.R. Uimh. 344 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Ionaid agus Dálaí Coinneála), 2000.
- I.R. Uimh. 345 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Foirm Iarratais), 2000.
- I.R. Uimh. 346 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Deimhniú Cónaí Sealadach), 2000.
- I.R. Uimh. 415 de 2003 – Na Rialacháin um an Acht Inimirce 2003 (Alt 7) (Tosach Feidhme), 2003.
- I.R. Uimh. 424 de 2003 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Achomhairc), 2003.
- I.R. Uimh. 422 de 2003 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2003.
- I.R. Uimh. 423 de 2003 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Alt 22), 2003.
- I.R. Uimh. 714 de 2004 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2004.
- I.R. Uimh. 518 de 2006 – Rialacháin na bPobal Eorpach (Cáiliú do Chosaint) 2006.

1 *Tá cur síos mionsonraithe ar phróiseas an tearmainn le fáil ar shuíomh idirlín na hOifige (www.orac.ie).*

Feidhmeanna an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Deirtear in Acht na nDídeanaithe, 1996, go mbeidh an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid nó a cuid feidhmeanna, ar feidhmeanna idir reachtúil agus neamhreachtúil iad. Is iad na freagrachtaí ríthábhachtacha reachtúla ná:

- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais uathusan atá ag lorg dearbhú ar stádas dídeanaí agus moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin,

  agus
- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ag dídeanaithe go ligfí do dhaoine ina dteaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann, agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin.

Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996 is é freagracht an Choimisinéara chomh maith:

- Deimhnithe Cónaí Sealadach a eisiúint do lucht iarrtha tearmainn.
- cloí le haon ordacháin ón Aire maidir le tosaíocht do chatagóirí áirithe iarrthóra.
- cur i láthair chás an Choimisinéara leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe a threorú i gcás go ndéantar achomharc chun an Bhinse in aghaidh moltaí arna ndéanamh ag an gCoimisinéir.
- faisnéis, a ndéantar foráil ina leith i reachtaíocht,a sholáthar d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, agus do ghníomhaireachtaí cuí Rialtais.
- mionaoisigh gan duine ina gcuideachta a atreorú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de réir alt 8 (5) d'Acht na nDídeanaithe, 1996.

Cé gur ar an gCoimisinéir atá an fhreagracht dheiridh as na feidhmeanna reachtúla sin a chomhlíonadh faoi Acht 1996, féadfaidh an Coimisinéir na feidhmeanna sin a tharmligean chuig comhalta foirne ar bith.

Tá feidhmeanna neamhreachtúla ag an gCoimisinéir freisin. Orthu seo tá:

- a chinntiú maidir le gach iarratas ar thearmann ag an gcéad chéim go ndéantar iad a phróiseáil agus go bpléitear leo go cothrom, go cúirtéiseach agus go héifeachtach.
- ordacháin a eisiúint ar fheidhmiú praiticiúil Acht na nDídeanaithe, 1996 agus ar nósanna imeachta agus caighdeáin oibre.

- a chinntiú go bhfuil faisnéis leordhóthanach ar thíortha tionscnaimh iarrthóirí tearmainn agus ar an dlí-eolaíocht agus ar an gcleachtas idirnáisiúnta i réimse an tearmainn ar fáil don fhoireann.
- páirt a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta ar chúrsaí tearmainn.
- bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht foirne agus ar oiliúint agus forás.
- plé le ceisteanna ón bpreas.
- an buiséad, an Ráiteas Straitéise agus Plean Gnó na heagraíochta a ullmhú agus a bhainistiú.

Luachanna Ríthábhachtacha na hOifige

Is iad na luachanna ríthábhachtacha is bonn treorach d'obair na hOifige ná:

- **Neamhspleáchas** – Neamhspleáchas maidir le próis agus cinnteoireacht.
- **Cothrom na Féinne** – Nósanna imeachta cothroma a chuirtear in iúl d'iarrthóirí tearmainn.
- **Daingne** – Daingne maidir le hoibleagáidí reachtúla a chur chun feidhme.
- **Fónamh do na príomhpháirtithe leasmhara** – Tiomantas i leith seirbhíse d'iarrathóirí agus do pháirtithe leasmhara eile mar chuid dár dtiomantas foriomlán do sheirbhís éifeachtach a sholáthar do chustaiméirí.
- **Inrochtaineacht** – Teacht ar scéimeanna agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- **Tiomantas don fhoireann** – A aithint gurb iad an fhoireann an acmhainn is luachmhaire dá bhfuil ag an Oifig agus timpeallacht a chothú inar féidir leo obair éifeachtach a dhéanamh agus an gealladh atá iontu féin a fhorbairt chun leas na hOifige go sonrach agus chun leas a saoil oibre féin i gcoitinne.
- **Tiomantas don sárchaighdeán** – Obair a dhéanamh ar chaighdeán a chinnteoidh torthaí ardcháilíochta agus tráthúla.
- **Oscailteacht** – Cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí tearmainn, leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, le heagraíochtaí neamhrialtasacha, agus leis an bpobal ar shlí a spreagann iontaoibh as oibriú na hOifige.
- **Éifeachtacht maidir le húsáid acmhainní** – A chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as na hacmhainní atá ar fáil gan cur isteach ar chaighdeáin.
- **Comhpháirtíocht** – Cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh i leith nuála san ionad oibre agus bainistiú ar athruithe agus cultúr rannpháirtíochta, oscailteachta agus measa frithpháirtigh a chothú.

Maoiniú agus Foireann don Oifig

Is é an Stát, tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a chuireann an maoiniú ar fáil le haghaidh Oifige an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe. Foráiltear in Acht 1996 gur "Státseirbhísigh de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956, a bheidh i gcomhaltaí fhoireann an Choimisinéara."

Foráiltear in Acht 1996 freisin go bhféadfaidh "an Coimisinéir aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna faoin Acht seo… a tharmligean chuig aon chomhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara ach na feidhmeanna a bhronntar ag Alt 7".

Seachas foireann na seirbhísí, ainmnítear gach comhalta foirne mar oifigeach údaraithe ar a c(h)eapadh.

Ceanglais Tuairiscithe

Is iad ceanglais tuairiscithe an Choimisinéara, mar atá leagtha amach in Acht 1996, na cinn seo a leanas:

- tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar a chuid nó a cuid gníomhaíochtaí tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis deireadh gach bliana. Leagfaidh an tAire cóip den Tuarascáil Bhliantúil os comhair gach Tí de Thithe an Oireachtais.
- an fhaisnéis chuí go léir a sholáthar don Aire, ar bhonn leanúnach, chun a chur ar a chumas nó ar a cumas cuntasacht agus freagracht an Aire a fheidhmiú i ndáil leis an Oifig.
- gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead uile a gheofar nó a chaithfear agus gach cuntas speisialta (más ann) mar a d'ordódh an tAire.
- na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh ar dháta a shonróidh an tAire. Cuirfear cóip de na cuntais sin nó sliocht astu ar fáil don Aire mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cuirfidh seisean nó sise iad araon faoi bhráid gach Tí de Thithe an Oireachtais.

(Faigheann Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe leithroinnt bhliantúil cistí arb é nó í Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith agus áirítear cuntais na hOifige i gcuntais bhliantúla na Roinne.)

2

Forbairtí Ríthábhachtacha i 2007

Próiseáil Iarratas

- Bliain dhúshlánach ab ea 2007 don Oifig agus dá foireann i gcónaí maidir le próiseáil iarratais ar thearmann laistigh de chreat oibleagáidí dlí idir náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Fuarthas 3,985 iarratas san iomlán ar stádas dídeanaí sa bhliain 2007. B'ionann sin agus laghdú de 7% in iarratais i gcomparáid le 2006 agus ba é an líon bliantúil iarratas ab ísle é ó 1997. Ba é 332 meán na n-iarratas a fuarthas gach mí, ba i mí Eanáir a bhí an líon ab airde nuair a fuarthas 385 iarratas.
- Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i gcaitheamh na bliana maidir le próiseáil iarratas. Bhí 1,279 cás idir lámha ag deireadh mhí na Nollag 2007 ach ní raibh ach 159 díobh siúd níos sine ná sé mhí d'aois. Fuarthas formhór mór na n-iarratas a bhí fós le próiseáil i 2007. I gcaitheamh 2007 sceidealaíodh 4,161 agallamh agus rinneadh 4,152 cinneadh.
- Próiseáladh iarratais a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire san iomlán laistigh de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais (ach i gcásanna nuair nárbh fhéidir iad a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna láidre eile). Tháinig 26.9% nach mór de na hiarratais a fuarthas i 2007 ó thíortha tosaíochta mar atá ainmnithe i dTreoir an Aire. Próiseáladh gach cás eile (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile, nó, mar shampla, i ngeall ar Athbhreithnithe Breithiúnacha) go críoch laistigh de 13 go 15 seachtain ó dháta an iarratais le linn na gcéad sé mhí de 2007 agus 15 go 17 seachtain ó dháta an iarratais don dara leath de 2007. Tharla méadú in agaí próiseála do chásanna nár chásanna tosaíochta iad ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear ardráta athraithe foirne, imeacht bhaill foirne cleachta agus méadú ar chastacht an riar chásanna. Leanadh le faireachán a dhéanamh ar agaí próiseála i gcaitheamh na bliana, más ea, agus gníomhaíodh chun nach mbeadh aon mhoill neamhriachtanach ann.
- Iarrtar ar iarrathóirí comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn. I gcásanna mar ar theip ar iarrthóirí teacht i láthair le haghaidh agallaimh gan chúis réasúnta ar an dáta ceaptha, mar a ndearna siad faillí maidir le scéala a chur chuig an gCoimisinéir maidir le hathrú seolta agus/nó mar ar theip orthu comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn trí, mar shampla, eolas a sholáthar a bhain lena n-iarratas ar thearmann, measadh go pras go raibh na hiarratais tarraingthe siar de réir fhorálacha Acht na nDídeanaithe, 1996. I 2007, bhí 689 cás a measadh a bhí sa chatagóir d'iarratais a tarraingíodh siartarraingthe siar.
- Fuarthas 88 iarratas i 2007 ó Mhionaoisigh gan Duine ina gCuideachta. B'ionann an figiúr seo agus 2.2% de na hiarratais ar fad a fuarthas agus b'ionann é agus laghdú de 32.8%, nó geall leis, ar 2006. Sceidealaíodh na hiarrthóirí seo le haghaidh agallaimh laistigh de cheithre sheachtaine ó dháta a n-iarratas agus eisíodh cinntí sna cásanna sin laistigh de 4/5 seachaine eile ó dháta na n-agallamh, rud a thug aga próiseála iomlán de 8/9 seachtaine nó geall leis ó dháta an iarratais. Próiseáladh mionaoisigh gan duine ina gcuideachta a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire san iomlán laistigh de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais.
- Tugadh tosaíocht i gcónaí de réir na riachtanas reachtúil d'iarratais ó dhaoine a bhí faoi choinneáil. Cuireadh iarrthóirí mar iad faoi agallamh laistigh de 20 lá oibre ó dháta a n-iarratais agus críochnaíodh a gcásanna laistigh de ocht lá oibre eile. Fuarthas 385 iarratas san iomlán ar stádas dídeanaí sa bhliain 2007 ó iarrthóirí faoi choinneáil.
- I ndiaidh aontachas na Rómáine agus na Bulgáire leis an Aontas Eorpach in Eanáir 2007 chinn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar théarmaí Phrótacal Conartha an AE maidir le tearmann a fheidhmiú do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh le héifeacht ó 1 Eanáir 2007. Ina fhianaise sin b'éigean don Oifig nósanna imeachta a cheapadh chun an Prótacal a chur i ngníomh, rud a chiallaigh go meastar iarratais ar thearmann ó náisiúnaigh an AE mar iarratais neamhinghlactha ach i dtosca an-eisceachtúla.

- Mar chuid den phróiseas leanúnach athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta na hOifige chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí as na hacmhainní, seoladh athbhreithniú intí ar na hAonaid Phróiseála Cásanna agus Tacaíochta i Lúnasa 2007. Ba é cuspóir an athbhreithnithe seo treochtaí agus dúshláin atá ag teacht chun cinn a aithint agus réitigh a cheapadh orthu, leibhéil chuí foirne a aithint don ualach oibre reatha, agus na struchtúir agus na córais tacaíochta a theastaíonn ón eagraíocht ina foirm reatha agus sa todhchaí a aithint chomh maith. Rinneadh athstruchtúrú ar na hAonaid Phróiseála Cásanna san eagraíocht mar thoradh ar an athbhreithniú sin.
- Tá tionscnaimh ar bun i gcónaí chun cuidiú le cásoibrithe a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích. Mar shampla, ceapadh cláir athoiliúna maidir le Cinneadh Stádas Dídeanaí (RSD) intí faoi threoir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe. Ceapadh na cláir oiliúna sin, lena n-áirítear treoirlínte nua, modheolaíocht agus teimpléad le haghaidh na bpróiseas agallóireachta agus cinnteoireachta, chun agallaimh ardchaighdeáin a éascú chomh maith le cinnteoireacht láidir a mbeidh bonn iontaofa dlí fúithi. Tá Foireann Oiliúna RSD intí ag an Oifig chomh maith ionas gur féidir saineolas agus scileanna a fhaightear ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe le linn seisiún oiliúna a chaomhnú agus a athúsáid agus modúil oiliúna den chineál céanna á sholáthar de réir mar a thagann baill foirne isteach san eagraíocht.
- Mí na Nollag, 2007, rinne Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe athbhreithniú cáilíochta ar na próisis oibre agus ar an modheolaíocht a úsáideann cásoibrithe san Oifig atá bainteach le stádas dídeanaí a chinneadh. Beidh an t-athbhreithniú seo mar bhonn eolais don Oifig maidir le riachtanais oiliúna na foirne amach anseo agus na cleachtais athbhreithnithe oibre a theastóidh don reachtaíocht nua um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, a mheastar, faoi réir fhaomhadh Thithe an Oireachtais, a achtófar i 2008. Is é a bheidh i gceist sa cheann deiridh seo ná nós imeachta aonair a bhunú faoina mbreithneofar i dteannta a chéile gach foras ar a bhfanfadh duine sa Stát. Comhchuimseofar an Oifig i i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann nuair a achtófar an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint.
- Thug an Oifig ríomhairí glúine isteach de réir a chéile do chásoibrithe atá bainteach leis an bpróiseas agallóireachta i gcaitheamh na bliana. I ndeireadh 2007, bhí 72% de na cásoibrithe ar fad á n-úsáid. Cuireann úsáid na ríomhairí glúine go mór le caighdeán na nótaí agallaimh d'iarrthóirí agus dá n-ionadaithe dlí. Chuir sé go mór le héifeachtacht an phróisis agallóireachta i gcoitinne.
- Sa bhliain 2007 baineadh an úsáid ba mhó ab fhéidir as Rialachán Bhaile Átha Cliath II, a chinneann cé acu stát den AE ar a bhfuil cúram as iarratas ar thearmann a phróiseáil, nuair a rinneadh 368 cinneadh. Ag an am céanna, fuair Éire 131 iarratas Rialachán Bhaile Átha Cliath II san iomlán ó Bhallstáit eile chun éilimh ar thearmann a phróiseáil sa tír seo.
- Bhí creat méarlorgaireachta EURODAC ag tacú i gcónaí le hoibríochtaí na hOifige i 2007, i bhfianaise oibriú Rialchán Bhaile Átha Cliath II. I gcaitheamh na bliana, deimhníodh 468 amas as an 3,840 tacar de mhéarloirg a bhain le hiarratais ar thearmann chuig EURODAC.
- Tugadh Uathchóras Aithint Méarlorg (AFIS) isteach i nDeireadh Fómhair 2007 a d'athraigh gabháil méarlorg ó chóras láimhe go córas leictreonach a bhfuil naisc aige le EURODAC.
- Fuarthas 373 iarratas ar Athaontú Teaghlaigh sa bhliain 2007, laghdú de 22.8% ar 2006. Coimeádadh nósanna imeachta an Aonaid Athaontú Teaghlaigh faoi athbhreithniú an bhliain ar fad chun agaí próiseála a choimeád chomh gearr agus ab fhéidir. Coimeádadh na hagaí próiseála ó fháil an chomhaid ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go heisiúint tuarascáil Alt 18 faoi Acht na nDídeanaithe, 1996 ag 2.5 mí i gcaitheamh na bliana agus ní raibh aon riaráiste ann ag deireadh na bliana. Níorbh fhéidir tuilleadh laghduithe a dhéanamh ó caithfear tréimhsí ama reachtúla a sholáthar d'iarrthóirí le ceistneoirí a chur ar ais.
- Rinne Oifigigh Láithreoireachta ionadaíocht i gcónaí ar son an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe (RAT) sa bhliain 2007. Méadaíodh líon na gcásanna a bhí le seirbhísiú ag Oifigeach Láithreeoireachta gach seachtain roimh an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe de 25% ó Mhárta 2007. Oileadh gach Oifigeach Láithreoireachta a sannadh don

Aonad go hiomlán i nósanna imeachta RSD, agus fuair siad sainoiliúint cásoibrí agus oiliúint sa bhfeidhm Láithreoireachta sular sannadh cásanna dóibh le tabhairt os comhair an Bhinse. Leanadh de oiliúnóireacht agus de mheantóireacht ag comhghleacaithe cleachta.

- Déileáladh le gach ceist reachtúil a fuair an tAonad Láithreoireachta ó Bhinse Achomharc na nDideanaithe i 2007 laistigh de na tréimhsí ama socraithe. Fuarthas breis is 150 iarratas dá sórt i gcomparáid le 233 i 2006.
- Lean an méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach (JR) a fuarthas i 2006, isteach i 2007. Fuarthas 440 iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach i 2007, méadú suntasach ar 2006, nuair a fuarthas 233 iarratas dá shórt. Ag deireadh 2007, bhí 433 cás Athbhreithnithe Breithiúnaigh idir lámha.
- Baineadh úsáid éifeachtach i gcónaí as córais agus nósanna imeachta taighde um Thíortha Tionscnaimh (COI) i gcaitheamh 2007. Bhí seirbhís taighde á chur ar fáil ag Bunachar Sonraí d'Eolas Comhroinnte do Chásoibrithe (CSK) i gcónaí d'úsáideoirí na hOifige atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn. Lean an tAonad Tacaíochta um Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh/Cinneadh Stádas Dídeanaí laistigh den Oifig ag tógáil agus ag cothabháil bailiúchán d'Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh oibiachtúil agus suas chun dáta a bhfuil teacht ag úsáideoirí air. Rinneadh úsáid leanúnach chomh maith as acmhainní an Ionaid um Dhoiciméadú Dídeanaithe le córas nua Eolas faoi Thíortha Thionscnaimh a tháinig ar líne san Ionad i Meán Fómhair 2007.

Forbairtí Daonacmhainní/Oiliúna

- I gcaitheamh 2007, cuireadh béim ar leith i gcónaí ar gach cineál oiliúna san Oifig. Bhí Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe ag obair go fairsing leis an Oifig i gcónaí chun oiliúint, treoir agus meantóireacht a sholáthar don fhoireann maidir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr atá ag teacht chun cinn in imscrúdú agus cinneadh iarratas agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumas meantóireachta agus oiliúna na hOifige féin.
- Ceapadh Plean Oiliúna Bliantúil do 2007 agus eisíodh é don fhoireann ar fad. Thóg an Plean cuntas de thosaíochtaí oiliúna eagraíochtúla agus de riachtanais oiliúna aonair a aithníodh trí thimthriall PMDS.
- Cuireadh cláir chuimsitheacha ionduchtáin foirne ar fáil le haghaidh gach ball foirne nua san Oifig.
- Cuireadh oiliúint tacaíochta síceolaíoch agus tacaíocht leanúnach ó phiaraí ar fáil don fhoireann Próiseála Cásanna.
- Ceapadh Clár Oiliúna um Chinneadh Dídeanaí agus soláthraíodh é don fhoireann ar fad i bPróiseáil Cásanna le linn 2007 lena n-áirítear úsáid nótaí treoracha, modheolaíocht chaighdeánach agus teimpléad leasaithe tuairiscithe. Measadh go gcuirfeadh an oiliúint seo le caighdeán na n-agallamh agus go mbeadh cinntí dlí níos láidre dá bharr.
- I gcaitheamh na bliana, cuireadh tús leis an obair chun clár cuimsitheach oiliúna a cheapadh san Oifig mar ullmhúchán do thabhairt isteach an chreata reachtúla agus an nós imeachta nua aonair a ndéantar foráil dó sa Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint. Cuireann Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe cuidiú substaintiúil ar fáil maidir leis an bpróiseas seo.
- Mar chuid d'obair na hOifige chun géilliúlacht don Acht um Míchumas 2005 a chinntiú, agus ag éirí as a Plean Gníomhaíochta, mheasúnaigh an Oifig riachtanais oiliúna na foirne i dtaca le Feasacht ar Mhíchumas agus shocraigh go gcuirfí oiliúint chuí ar fáil do phríomhbhaill foirne na líne tosaigh.
- Bhí raon scéimeanna um Chothromaíocht idir Saol na hOibre agus an Baile ar fáil don fhoireann i gcónaí. Athbhreithníodh i Meán Fómhair 2007 an Treoirscéim Ríomhoibre, a tugadh isteach den chéad uair in Iúil 2006, agus fairsingíodh an treoirscéim mar thoradh air.
- Cuireadh bunachar sonraí nua den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin (PMDS) i dtoll a chéile i gcomhar leis an aonad FT agus scaipeadh é ar gach baill foirne san Oifig ag tús na bliana. D'éascaigh sé sin ullmhú, agus stóráil lárnach, foirmeacha le haghaidh próifíl róil do gach grád foirne san eagraíocht.

- Cuireadh breis is 727 aonad oiliúna ar fáil d'fhoireann na heagraíochta i gcaitheamh na bliana.
- Tá buíochas ar leith tuillte ag foireann Aonad Oiliúna agus Foireann Oiliúna intí na hOifige as cuidiú leis an bpróiseas seo.
- Chomh maith leis sin, d'éascaigh an Oifig roinnt modúl ag Comhdháil na nArd-Stiúrthóirí ar Sheirbhísí Inimirce (GDISC) i Maidrid i mí an Mheithimh 2007, ag plé le forbairt Bainistiú Cáilíochta agus nuachóiriú an Phróisis Tearmainn sa AE.

Seirbhís do Chustaiméirí

- Rinneadh dhá shuirbhé ar chustaiméirí i 2007, ceann amháin maidir leis an Áit Feithimh ar Agallaimh agus ceann eile ar agallaimh shubstaintiúla. Thaispeáin na suirbhéanna sin go raibh custaiméirí na hOifige an-sásta le caighdeán na seirbhíse a sholáthraítear.
- Fuair an suirbhé maidir leis an Áit Feithimh ar Agallaimh go raibh 63.6% de fhreagóirí sásta agus 36.4% an-sásta le leagan amach na hÁite Feithimh ar Agallaimh. Ní raibh aon mholadh ag 81% de fhreagróirí maidir le feabhsuithe ar chaighdeán na seirbhíse. Ní raibh aon mholadh ag 85% de fhreagróirí maidir le feabhsuithe ar an áit.
- Maidir leis an suirbhé mar gheall ar an agallamh substaintiúil, fuarthas go raibh na freagróirí ar fad sásta (31.4%) nó an-sásta (68.6%) le leibhéal na cúirtéise agus an mheasa a léiríodh dóibh. Bhí 94.3% a bhraith go bhfuair siad deis míniú a thabhairt ar na cúiseanna nár mhian leo filleadh ar a dtír thionscnaimh. Chuir 97% de fhreagróirí in iúl go raibh siad sásta leis na socruithe fisiceacha don agallamh. Tá torthaí an tsuirbhé ar láithreán Gréasáin na hOifige.
- Ar aon dul le gealltanais na hOifige inár gCairt do Chustaiméirí agus inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí, rianaíodh gach comhfhreagras a fuarthas agus i gcoitinne freagraíodh é laistigh de 20 lá oibre ón dáta fála.
- Sholáthair an Oifig seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin in 80 cinn de theangacha i 2007. Tugadh isteach córas áirithinte ar líne d'ateangaireacht chun a chinntiú go mbíonn ateangairí ar fáil go tráthúil.
- Bhí an Oifig rannpháirteach i meastóireacht a rinneadh i ngach cuid den Státseirbhís ar Chairteanna Seirbhís do Chustaiméirí. Choimisiúnaigh Roinn an Taoisigh an mheastóireacht chun athbhreithniú a dhéanamh ar cé mar a cuireadh tionscnamh na gCairteanna do Chustaiméirí i ngníomh i Ranna agus in Oifigí Rialtais. Bhí cuntas dearfach ar an Oifig i measc príomhthorthaí na tuarascála maidir leis an gcleachtadh seo.
- Bhí dhá chruinniú ag Painéal Idirchaidrimh na hOifige do Sheirbhís do Chustaiméirí i 2007. Fóram an-úsáideach is ea an painéal seo le haghaidh comhairliú ar raon leathan ceisteanna agus soláthraíonn sé eolas d'eagraíochtaí ábhartha neamhrialtasacha (NGOanna) maidir le forbairtí i gcúrsaí tearmainn.
- Eagraíodh ceardlann Sheirbhís do Chustaiméirí don fhoireann ag leibhéal an Ardfheidhmeannaigh Feidhmiúcháin agus os a chionn i mBealtaine 2007 mar chuid de Straitéis Chumarsáide na hOifige chun féachaint ar (1) teagmháil thosaigh an chéad lá, (2) eolas/comhfhreagras, (3) agallamh Alt 11, (4) an próiseas a leanann an cinneadh agus (5) idirghníomhartha Athaontú Teaghlaigh agus Aonad Bhaile Átha Cliath. Mar chuid dá mbreithniú, iarradh ar rannpháirtithe féachaint ar sholáthar na seirbhíse do chustaiméirí ó thaobh an iarrthóra agus óna dtaithí féin ar an eagraíocht.
- Breithníodh na moltaí agus na tuairimí a tháinig ón gceardlann ina dhiaidh sin agus tosaíodh ar iad a chur i ngníomh. Tá cuid de na moltaí agus na tuairimí a tháinig ón gceardlann, amhail suirbhé ar chustaiméirí, curtha i ngníomh cheana féin. Tá moltaí eile á mbreithniú i bhfianaise athruithe a bhaineann le tabhairt isteach na reachtaíochta nua um Inimirce, Cónaí agus Cosaint atá beartaithe le haghaidh 2008.
- Tugadh isteach Binse Cabhrach Riaracháin/ Sceidealta i 2007 chun cuidiú le hiarratais ó chustaiméirí inmheánacha. Áirítear ar na custaiméirí inmheánacha seo daoine san Aonad Próiseála Cásanna, san Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí, i gClárú agus i bhFáiltiú.

Comhpháirtíocht

- Bhí an Chomhpháirtíocht Shóisialta mar ghné de dhéileáil na hOifige leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn i gcónaí i 2007. Chuidigh tionscnaimh mar fhoghlaim san ionad oibre, éagsúlacht agus cothromaíocht idir saol na hoibre agus an saol lasmuigh a chur chun cinn, acmhainn bainisteoirí, foirne agus ceardchumainn a threisiú chun athrú a thabhairt isteach agus a bhainistiú ar bhealach réamhghníomhach chun an chomhpháirtíocht shóisialta a neadú san ionad oibre.
- Bunaíodh an cuigiú Coiste Comhpháirtíochta i Meán Fómhair 2007 agus bhí cúig chruinniú aige roimh dheireadh na bliana. Tháinig an Coiste roimhe sin le chéile ar shé ócáid i gcaitheamh na bliana.
- Ullmhaíodh dhá cheann de thuarascálacha ar dhul chun cinn Phlean Nua-Chóirithe agus Gníomhaíochta *I dTreo 2016*. Clúdaíonn an Plean Gníomhaíochta seo an tréimhse suas go Meán Fómhair 2008 agus leagann amach clár oibre na hOifige – i bhfoirm gníomhartha, amlínte agus táscairí feidhmíochta aontaithe – le haghaidh nuachóiriú, solúbthachta agus comhar le hathrú leanúnach san eagraíocht sa tréimhse sin.
- Faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (SMI) tháinig an fhoireann le chéile lasmuigh den láthair ar dhá ócáid i gcaitheamh na bliana chun éisteacht le láithriúcháin agus chun topaicí éagsúla ar spéis leis an eagraíocht iad a phlé. Dhírigh ceann d'imeachtaí SMI ar bhanistiú ar athrú, agus bhí láithriúcháin agus díospóireachtaí ann maidir leis an gClár um Chomhtháthú Straitéiseach Tearmainn agus Inimirce (AISIP) agus tabhairt isteach reachtaíocht nua inimirce agus cosanta. Ba é an dara ócáid SMI ná an cheardlann Seirbhíse do Chustaiméirí a luadh cheana, a bhí mar chuid de Straitéis Chumarsáide na hOifige.
- Eagraíodh scéim moltaí foirne a thug deis don fhoireann smaointe a chur ar aghaidh a rachadh chun leasa na heagraíochta.

Teicneolaíocht Faisnéise

- Bhí ról ríthábhachtach ag an Oifig le linn 2007 i bhforbairt an Chláir um Chomhtháthú Straitéiseach Tearmainn agus Inimirce (AISIP) agus bhí ionadaithe aici i gcónaí ag leibhéal sinsearach ar a Bhord Tionscadail. An aidhm atá leis an tionscadal ná aon bhonneagar TF amháin a chruthú idir na gníomhaireachtaí agus na rannáin éagsúla de INIS atá ag plé leis an bpróiseas tearmainn agus inimirce agus cur chuige comhtháite a éascú i leith Bainistiú Cásanna, Bainistiú Cóiríochta, Eolas ar Thíortha Tionscnaimh agus Rianú Comhad. Leithroinn an Oifig acmhainní móra foirne chun dul i mbun an tionscadail. Lena chois sin, bhí roinnt ball foirne bainteach go leanúnach le glanadh sonraí agus le hócáidí eolais mar gheall ar phróiseas an réimse ghnó chomh maith le hathbhreithnithe cáilíochta.
- Bhí ionadaíocht ag an Oifig i gcónaí ar an mBord Tionscadail agus ar an mBord Feidhmithe don Uathchóras Aithint Méarlorg (AFIS) a tháinig chun buaice nuair a chuaigh an córas beo ag deireadh Dheireadh Fómhair 2007. Soláthraíonn an AFIS acmhainn méarloirgaireachta leictreonach níos fearr don Oifige maidir le hiarrthóirí tearmainn atá tá cumas níos fearr aige eolas a mhalartú le córas EURODAC san AE.
- Ceapadh bunachar sonraí nua do Cheisteanna Parlaiminte go sonrach do cheisteanna Parlaiminte a chuirtear ar an Oifig. Éascaíonn sé logáil, rianú agus freagraí furasta ar iarratais agus ar cheisteanna mar iad ar féidir iad a sheoladh díreach chuig an mbunachar le ríomhphost.
- Ceapadh Bunachar Sonraí Bainistíochta Comhad mar chuid de Bheartas Bainistíochta Taifead nua chun rianú optamach a dhéanamh ar chomhaid ghinearálta páipéir. Ceapadh bunachar sonraí eile don phróiseas Bhainistiú ar Athrú atá bainteach leis an mBille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint.

Forbairtí Corparáideacha

- Ullmhaíodh agus foilsíodh Ráiteas Straitéise na hOifige don tréimhse 2007-2009 i gcaitheamh na bliana. Cur chuige comhpháirtíochta is ea a úsáideadh leis an Ráiteas a cheapadh agus chuathas i gcomhairle go forleathan lenár bpáirtithe leasmhara ar fad mar chuid de sin. Socraíonn an Ráiteas Straitéise nuafhoilsithe treocht shoiléir do ghníomhaíochtaí na hOifige sa tréimhse idir foilsiú an Ráitis agus na socruithe nua reachtúla atá beartaithe sa Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint faoin gcomhchuimseofar an Oifig i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS).
- Príomhghéithe dár bpleanáil ghnó i gcónaí sa bhliain 2007 ab ea Bainistiú Rioscaí agus Measúnú Rioscaí. Measúnaíodh riosaí ag tús na bliana. Cuireadh maoluithe agus rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí féideartha aitheanta a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar na Spriocanna Ardleibhéil i Ráiteas Straitéise na hOifige a sheach-chur. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar Chlárleabhar na Rioscaí agus coimeádadh faoi athbhreithniú é i gcaitheamh 2007.
- Tionscnaíodh Beartas Bainistíochta Taifead don Oifig i Samhain 2007 le haghaidh bainistiú optamach taifead agus comhad san Oifig.

Bainistiú ar Athrú

- Rinneadh mórchuid ullmhúcháin i 2007 le haghaidh tabhairt isteach an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint. Bhunaigh an tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce (INIS) Foireann Idirlinne Nós Imeachta Aonair tiomnaithe, a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go mbeidh an Oifig Próiseála Iarratas nua laistigh den INIS a thiocfaidh in ait na hOifige in ann an reachtaíocht nua bheartaithe a chur i ngníomh a luaithe is a achtófar é.
- I gcaitheamh 2007, thosaigh an Fhoireann ag aithint próisis ghnó ceann go ceann, riachtanais oiliúna agus ag doiciméadú na bhfoirmeacha iarratais riachtanacha, litreacha caighdeánacha, ceistneoirí iarrthóirí, bileoga eolais, lámhleabhair nós imeachta foirne agus aon teimpléid doiciméid eile a theastóidh chun tacú leis an Nós Imeachta Aonair.
- Bhí ionadaíocht ag an Oifig ar shraith de Fhoirne Tionscadail maidir le Bainistiú ar Athrú a bhunaigh Ard-Stiúrthóir an INIS chun forálacha na reachtaíochta nua a chur i ngníomh. Dhéileáil na Foirne seo le sraith ceisteanna amhail Seirbhísí agus Struchtúir Comhroinnte, Cumarsáid agus Oiliúint agus FT agus Comh-Inoibritheacht.
- Dúshlán mór don Oifig is ea an próiseas ar fad agus tá sé á mhaoirsiú ag Grúpa Stiúrtha na hOifige um Bainistiú ar Athrú.
- I gcaitheamh 2007, comhthreomhar leis an obair a theastaigh don phróiseas athraithe, bhí a hoibleagáidí reachtúla faoi Acht na nDídeanaithe, 1996 á gcomhlíonadh ag an Oifig i gcónaí.

3

Dul chun cinn ar Ráiteas Straitéise 2007-2009

Spriocanna Ardleibhéil

Sprioc Ardleibhéil 1

Iarratais ar stádas dídeanaí agus ar athaontú teaghlaigh a imscrúdú laistigh de íostréimhsí ama.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Táirgiúlacht optamach a bhaint amach maidir le hiarratais a phróiseáil do dhearbhú ar stádas dídeanaí laistigh de íostréimhsí ama agus san ord tosaíochta a cheap an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*
- *Lánfheidhmiú agus feidhmiú éifeachtach Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE a bhaint amach, ag féachaint go cuí do na critéir maidir leis an tír den AE a chinneadh atá freagrach as iarratais ar thearmainn a phróiseáil.*
- *An táirgiúlacht optamach a bhaint amach i bpróiseáil iarratas ar athaontú teaghlaigh laistigh d'íostréimhsí ama.*
- *Ullmhúchán agus pleanáil a dhéanamh faoi chomhair thabhairt isteach nós imeachta aonair agus díriú go hiomlán agus go héifeachtach ar aon leasuithe ar Acht na nDídeanaithe, 1996, de réir mar a thagann siad chun cinn.*

Dul chun cinn ar sprioc agus cuspóirí i 2007

Próiseáil iarratas ar thearmann

- Fuarthas 3,985 iarratas ar thearmann le linn 2007 arb ionann é sin agus laghdú ar an 4,314 iarratas a fuarthas i 2006 agus ba é an líon iarratas ab ísle a fuarthas ó 1997, a raibh 159 díobh, agus an méid sin amháin, sa chóras ar feadh níos mó ná sé mhí. Ag deireadh 2007, bhí 1,279 cás idir lámha le próiseáil ag an Oifig agus ba bheag cás réamh-2007 a bhí sa chóras. Cásanna ab ea iad sin ar an iomlán nárbh fhéidir a phróiseáil i gcaitheamh na bliana ar chúiseanna míochaine agus cásanna ar cuireadh dúshlán fúthu i bhfoirm Athbhreithniú Breithiúnach nó cásanna Athbhreithnithe Breithiúnaigh socraithe a d'éiligh athagallaimh agus cinntí nua.
- Ba iad na sé príomhthír ab iarrthóra i 2007 an Nigéir, an Iaráic, an tSín, an Phacastain, an tSeoirsia agus an tSúdáin. Ba iad na sé phríomhthír i 2006 an Nigéir, an tSúdáin, an Romáin, an Iaráic agus an Iaráin. Thaispeáin próifíl na n-iarrthóirí i gcaitheamh 2007 go raibh líon mór tíortha óna dtáinig líon beag iarrthóirí. Cé go bhfuarthas iarratais ó 98 tír, ní raibh ach 48 tír san iomlán a raibh breis is 10 n-iarrthóir an ceann acu.
- Sa bliain 2007, próiseáladh 26.9% de na hiarratais ar fad faoin Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire a tugadh isteach le reachtaíocht i Meán Fómhair 2003. I bhfírinne, sceidealaíodh gach iarratas tosaíochta nach mór (ach cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine agus/nó ar chúiseanna láidre eile) le haghaidh agallaimh laistigh de 9/12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de 5/8 lá oibre eile, rud a thug aga iomlán próiseála de 17 go 20 lá oibre san iomlán ó dháta an iarratais.
- Próiseáladh gach cás eile (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile, nó, mar shampla, i ngeall ar Athbhreithnithe Breithiúnacha) go críoch laistigh de 13 go 15 seachtain ó dháta an iarratais le linn na gcéad sé mhí de 2007 agus 15 go 17 seachtain ó dháta an iarratais sa dara leath de 2007. Tharla méadú ar agaí próiseála i ngeall ar ardráta athraithe foirne, imeacht bhaill foirne cleachta agus méadú ar chastacht an riar chásanna, go príomha. Leanadh de fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar agaí próiseála, áfach, i gcaitheamh na bliana agus déanadh beart chun nach mbeadh aon mhoill neamhriachtanach ann.
- Thug an Oifig tosaíocht, ar aon dul le riachtanais reachtúla, d'iarratais ó dhaoine a bhí faoi choinneáil. Sceidealaíodh iarratais ó iarrthóirí faoi choinneáil le haghaidh agallaimh laistigh de 20 lá oibre ó dháta an iarratais agus críóchnaíódh iad laistigh de ocht lá oibre eile, rud a thug uasaga próiseála de 28 lá san iomlán. Fuarthas 385 iarratas ó dhaoine faoi choinneáil. B'ionann an figiúir seo agus 9.7% de na hiarratais go léir.

Bhí idirchaidreamh ar siúl i gcónaí idir an Oifig agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda (GNIB) i 2007 chun próiseáil éifeachtúil na n-iarratas seo a chinntiú. Cuireadh 98 iarrthóir san iomlan faoi agallamh i bpríosún, méadú ar fhigiúir 2006 de 51. Cuireadh an chuid eile faoi agallamh san Oifig ó scaoileadh na hiarrthóirí seo amach as an bpríosún roimh dháta a n-agallamh.

- Sholáthair an Oifig seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin in 80 teanga i gcaitheamh na bliana. Bhí méadú ar úsáid ateangaireacht teileafóin chun iarrthóirí a úsáideann teangacha neamhfhorleathana a éascú, ó ní féidir i gcónaí teacht ar ateangairí sna teangacha sin go háitiúil. I gcaitheamh 2007, ceapadh córais agus nósanna imeachta éifeachtacha leis na soláthraithe seirbhíse ateangaireachta agus aistriúcháin chun a chinntiú go bpróiseálfar gach iarratas go pras ag gach céim den phróiseas tearmainn. Tugadh córas nua áirithinte ar líne d'ateangairí isteach go rathúil i gcaitheamh na bliana.
- Bhí Oiliúint do Chinneadh Stádas Dídeanaí á oiriúnú agus á rolladh amach don fhoireann i gcónaí i gcaitheamh na bliana chun cuntas a thógáil d'éagsúlacht an riar chásanna agus cuireadh teimpléid fheabhsaithe ar fáil don fhoireann chun críocha Próiseáil Cásanna. Bhí ról substaintiúil ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe sa phróiseas seo.
- Tháinig méadú ar líon na n-iarrthóirí a d'éiligh níos mó ná agallamh substaintiúil amháin i ngeall ar mhéadú i gcastacht cásanna agus forais iolracha coinbhinsin a mhaígh na hiarrthóirí.
- Mar thoradh ar an éagsúlacht seo sa riar cásanna, bhí riachtanas leanúnach ann tacaíocht níos lárnaí a sholáthar d'agallóirí agus do chinnteoirí. Mar thoradh air sin cuireadh béim níos mó ar ullmhúcháin réamhagallaimh, eolas faoi Thíortha Tionscnaimh (COI) suas chun dáta agus eolas maidir le Cinneadh Stádas Dídeanaí (RSD) a bhí bainteach le cineál cásanna na n-iarrthóirí aonair. Chabhraigh sé seo le cásoibrithe agallaimh fhócasaithe a sheoladh go háirithe i gcásanna inar cuireadh ceistneoirí iarratais ar ais i rocht neamhiomlán agus/nó le heolas teoranta. Lena chois sin, athdhearadh láithreoireacht bréige oiliúint chluaise le leagan amach nua a chuimsigh fístéipeáil ar imirt rólanna bréige d'éisteachtaí. Sholáthair sé seo uirlis éifeachtach oiliúna d'Oifigigh Láithreoireachta agus do chásoibrithe.
- Bhí obair leanúnach ar siúl i gcónaí le cúnamh Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe d'fhonn agallaimh agus cinnteoireacht níos fócasaithe a chur i bhfeidhm. Chiallaigh sin go ndearnadh taighde maidir le gach cás agus gur ullmhaíodh iad roimh an agallaimh le béim ar an eolas is cothroime le dáta maidir le tíortha tionscnaimh, dlí dídeanaí agus dlí-eolaíocht atá ag teacht chun cinn.
- Athbhreithníodh na córais Eolas agus Taighde faoi Thíortha Tionscnaimh (COI) a bhí in úsáid san Oifig i 2007, agus nuashonraíodh go rialta an bunachar sonraí nua Eolas Comhroinnte do Chásoibrithe le pacaí COI a chruthaigh na cásoibrithe agus Aonad Taighde an COI. D'oibrigh an Oifig go dlúth leis an Ionad um Dhoiciméadú Dídeanaithe (RDC) i 2007 chun a chinntiú gur bhain na hAonaid Phróiseála Cásanna an úsáid ab fhearr ab fhéidir as áis an RDC, ar cuireadh go mór lena luach nuair a tugadh isteach an córas nua theicneolaíocht faisnéise COI ar thús cadhnaíochta i Meán Fómhair 2007. Maidir leis seo, sholáthair foireann an RDC oiliúint do gach ceann de na hAonaid Próiseála Cásanna i Márta agus Aibreán 2007 maidir leis na seirbhísí COI atá ar fáil san RDC. Chuidigh roll amach áis ríomhleabharlainne an RDC go déanach i 2007 faoi thionscadal AISIP tuilleadh leis an Oifig an úsáid a bhaintear as acmhainní an RDC a uasmhéadú.
- Bhí cruinnithe ag Grúpa Stiúrtha comhdhéanta d'fhoireann na hOifige agus d'fhoireann RDC le linn 2007.

Rialachán Bhaile Átha Cliath II

- I gcaitheamh 2007, lean an Oifig de bheith ag baint an úsáid ba mhó ab fhéidir as Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE, a chinneann cé acu Stát de chuid an AE atá freagrach as iarratas ar thearmann a phróiseáil. Sa bhliain 2007, rinneadh 368 cinneadh i dtaca le 131 cás a fuarthas ó Stáit eile de chuid an AE.
- Bhí na hagaí próiseála do chásanna Bhaile Átha Cliath II tuairim is 27 lá i 2007.

- Baineadh úsáid leanúnach i gcaitheamh na bliana as córas EURODAC le haghaidh méarlorgaireacht iarrthóirí ar thearmann chun cuidiú le hoibriú próiseas Bhaile Átha Cliath II. Cuireadh 3,840 tacar priontaí chuig EURODAC agus deimhníodh 468 amas.

Athaontú Teaghlaigh

- Fuarthas 373 iarratas ar Athaontú Teaghlaigh sa bhliain 2007, laghdú ar 2006. Coimeádadh faoi athbhreithniú nósanna imeachta Aonad Athaontú Teaghlaigh na hoifige i gcaitheamh na bliana chun a chinntiú gur coimeádadh agaí próiseála chomh gearr agus ab fhéidir. Coimeádaidh na hagaí próiseála ó fháil an chomhaid ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go heisiúint tuarascáil Alt 18 faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, go 2.5 mí i gcaitheamh na bliana agus ní raibh aon riaráiste ann ag deireadh 2007. Níorbh fhéidir aon laghdú eile a dhéanamh ar agaí próiseála toisc gurbh éigean teorainneacha ama reachtúla a sholáthar d'iarrthóirí chun ceistneoirí a chur ar ais.

Bainistiú tabhairt isteach athruithe ar a n-áirítear an Nós Imeachta Aonair

- I gcaitheamh 2007, cuireadh tús le hullmhúcháin do chur i gníomh creat nua próiseála a bhforáltar dó sa Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint. Faoin gcreat seo tabharfar isteach Nós Imeachta Aonair faoina mbreithneofar i dteannta a chéile na forais ar fad ar a bhfanfadh duine sa Stát (cosaint nó eile). Beidh sé mar thoradh ar an mBille nua, faoi réir fhaomhadh dhá Theach an Oireachtais, go gcomhchuimseofar an Oifig in Oifig Próiseála Iarratas nua (APO) a bheidh mar chuid den tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce Náisiúnta (INIS).
- Bhunaigh an INIS Foireann Idirlinne Nós Imeachta Aonair tiomanta i gcaitheamh 2007 (faoi stiúir na hOifige), an cuspóir a bhí leis ná a chinntiú go mbeidh an Oifig Próiseála Iarratas nua laistigh den INIS in ann an reachtaíocht nua bheartaithe a chur i ngníomh ar a achtú.
- I gcaitheamh 2007, chuir an Fhoireann tús le haithint na bpróiseas agus na nósanna imeachta riachtanacha gnó ceann go ceann, riachtanais oilúna agus doiciméadú na bhfoirmeacha iarratais riachtanacha, litreacha caighdeánacha, bileoga eolais, lámhleabhair nós imeachta foirne agus aon teimpléidí doiciméid eile a theastóidh chun tacú leis an Nós Imeachta Aonair.
- Bhí ionadaíocht ag an Oifig ar roinnt Foirne Tionscadail Bhainistiú ar Athrú a bhunaigh an INIS chun forálacha na reachtaíochta nua a chur i ngníomh, lena n-áirítear ceisteanna ábhartha struchtúracha agus TF.
- Dúshlán suntasach is ea an próiseas ar fad don Oifig agus bhí Grúpa Stiúrtha na hOifige um Bainistiú ar Athrú i bhfeighil air.
- I gcaitheamh 2007, comhthreomhar leis an obair a theastaigh don phróiseas athraithe, lean an Oifig de bheith ag comhlíonadh a oibleagáidí reachtúla faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, i dtaca le próiseáil iarratas ó dhaoine ar stádas dídeanaí sa Stát agus freagrachtaí eile a d'eascair as sin.

Sprioc Ardleibhéil 2

An caighdeán imscrúdúcháin agus cinnteoireachta is airde a choinneáil.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Ardchaighdeán leanúnach a choinneáil in imscrúdú agus i bpróiseáil iarratas.*
- *Nós imeachta oscailte agus cothrom a choimeád.*

Imscrúdú agus próiseál ardchaighdeán na n-iarratas

- I gcaitheamh 2007, bhí béim ar leith á leagan i gcónaí ar chinnteoireacht cháilíochta san Oifig agus ar chothabháil nósanna imeachta cothroma laistigh de chreat Acht na nDídeanaithe, 1996.
- Bhí taighde cáilíochta réamhthaighde an-tábhachtach i gcónaí chun a chinntiú go raibh ábhar cuimsitheach tíortha tionscnaimh ar fáil do chásoibrithe mar chuid den phróiseas cinnidh le tagairt ar leith don agallamh substaintiúil agus ina dhiaidh sin. Bhí agallaimh níos fócasaithe dá bharr agus bhí sé níos fusa ar chásoibrithe eolas ábhartha a fháil ó iarrthóirí. Bhí gach deis ag iarrthóirí faoin gcóras seo trácht ar a dtosca roimh an chinnidh dheiridh.
- I gcaitheamh 2007, bhí idirchaidreamh ar siúl i gcónaí idir an Oifig agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe maidir le feabhas a chur ar an bpróiseas imscrúdaithe agus cinnidh stádas dídeanaí agus iomláine an phróisis sin a chinntiú dá bharr. Chuir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe cúnamh ar fáil maidir le hoiliúint agus meantóireacht don fhoireann maidir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr atá ag teacht chun cinn ó thaobh imscrúdú agus cinneadh iarratas agus chuir sé sin le cumas meantóireachta agus oiliúna na hOifige féin. Chuir an Oifig agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe oiliúint ar fáil chun go mbeidh tuarascálacha ar agallaimh le hiarrthóirí láidir ó thaobh an dlí de.
- Fostaíodh comhairligh oiliúna sheachtracha ar conradh chun sainoiliúint abhcóideachta a chur ar Oifigigh Láithreoireachta nua.
- Thug an Oifig faoi athbhreithniú inmheánach ar an gcóras tacaíochta piaraí le haghaidh cásoibrithe agus a mbainisteoirí. Ba é a bhí i gceist san athbhreithniú ná meastóireacht ar an gcóras tacaíochta síceolaíoch a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh na foirne i 2004. An cuspóir atá le tacaíocht piaraí ná a chinntiú go bhfuil na córais riachtanacha i bhfeidhm ag an Oifig chun cuidiú le baill foirne déileáil go cuí le hiarrthóirí a bhí ina n-íospartaigh céasta, mí-úsáide, éignithe, agus foirmeacha eile de chóireáil mhaslacha ina dtíortha tionscnaimh. I ndiaidh an athbhreithnithe ar an gcóras Tacaíochta Piaraí, cinneadh go leanfaí den tacaíocht shíceolaíoch a chuirtear ar fáil do na cásoibrithe ar fad agus go gcuirfí ar fáil é don fhoireann níos minicí agus ar bhealach níos struchtúraí. Lena chois sin, cinneadh go mbeadh aiseolas ó chásoibrithe mar ghné leanúnach den tacaíocht shíceolaíoch ag cur san áireamh údair imní na gcásoibrithe agus ag cinntiú go dtacaítear go hiomlán leis an fhoireann ar fad atá bainteach le Cinneadh Stádas Dídeanaí.
- I gcaitheamh na bliana bhí idirchaidreamh ar siúl go rialta ag an Oifig le roinnt gníomhaireachtaí eile amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tSeirbhís Dlíthiúil do Dhídeanaithe, Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda, An Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeascadh, Seirbhís Phríosúin na hÉireann chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha.
- D'fhan an Oifig cothrom le dáta maidir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr trí a bheith rannpháirteach i ngrúpaí oibre de chuid na gComhairlithe Idir-Rialtasacha ar Bheartais Tearmainn, Dídeanaithe agus Inimirce (IGC) sa Ghinéiv, Líonra an Aontais Eorpaigh do Chleachtóirí Tearmainn (Eurasil) agus Comhdháil Ard-Stiúrthóirí Seirbhísí Inimirce an AE (GDISC) a bhain le cúrsaí tearmainn.
- Bhí na córais bhunaithe um Dhearbhú Cáilíochta á gcur i bhfeidhm i gcónaí ag an Oifig i ngach ceann de na haonaid chun na caighdeáin is airde cinnteoireachta sa phróiseas cinneadh dídeanaí agus seirbhís cháilíochta a sholáthar dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara. Sa mhéid seo,

athbhreithníodh agus nuashonraíodh seicliostaí maidir le dearbhu cáilíochta. Taispeánann na seicliostaí seo na seiceálacha aonair a rinneadh ag céimeanna difriúla den phróiseas chun leanúnachas agus cáilíocht a chinntiú sa chinnteoireacht. Chuidigh Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe go gníomhach leis an Oifig chun caighdeáin arda Dearbhú Cáilíochta a choinneáil.

- Maidir le seirbhís do chustaiméirí, bhí córais rianaithe comhfhreagrais á gcothabháil, á n-athbhreithniú agus á nuashonrú sna haonaid ar fad. Rianaíodh gach comhfhreagras ó iarrthóirí, ó chustaiméirí agus ó pháirtithe leasmhara láithreach agus admháladh agus freagraíodh é laistigh de 20 lá oibre ar aon dul le gealltanais na hOifige inár gCairt do Sheirbhís do Chustaiméirí.
- Chun cinntí ar ardchaighdeán leanúnach a chinntiú bhí straitéis chuimsitheach oiliuna á chur i ngníomh ag an Oifig i gcónaí i gcomhar le forais mar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe. San áireamh sa chlár bhí:
  - Oiliúint ar Chinneadh Stádas Dídeanaí (RSD),
  - Iondúchtúchán Sainiúil do Chásobair agus Oiliúint maidir le Taighde ar Thíortha Tionscnaimh do chásoibrithe agus cinnteoirí nua.
- Bhí an Oifig ag forbairt beart agus córas i gcónaí i gcaitheamh 2007 chun déileáil le hiarratais ó ghrúpaí áirithe soghortaithe sa phróiseas tearmainn a bhfuil riachtanais speisialta acu. Sholáthair Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe oiliúint speisialaithe idirghníomhaireachta do roinnt cásoibrithe a chabhraigh leo páistí a bhí gan duine ina gcuideachta agus páistí scartha a éilíonn tearmann a phróiseáil go héifeachtach agus go cóir. Bhí na gníomhaireachtaí ar fad a mbíonn baint acu le mionaoisigh gan duine ina gcuideachta agus le páistí scartha rannpáirteach san oiliúint seo.
- Cuidíonn Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh atá ar ardchaighdeán agus cothrom le dáta le cinnteoireacht ardchaighdeáin. I gcaitheamh 2007, bhí an Oifig ag ceapadh, ag mionathrú agus ag leasú a sonraí faoi Thíortha Tionscnaimh chun a chinntiú go raibh eolas cothrom le dáta agus barántúil ar fáil chun ceisteanna a phlé le hiarrthóirí ag a n-agallaimh shubstaintiúla agus ina dhiaidh sin sa phróiseas cinnteoireachta. Chuir an Oifig fáilte roimh tabhairt isteach Chóras Eolais faoi Thíortha Tionscnaimh nua ar thús cadhnaíochta san Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe i Meán Fómhair 2007.
- Bhí modh aiseolais ann a chinntigh gur cuireadh cinnteoirí agus lucht déanta beartais na hOifige ar an eolas mar gheall ar cheisteanna a tháinig chun cinn in agóidí Athbheithnithe Breithiúnaigh agus in achomhairc os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus torthaí na gcásanna sin ar a n-éisteacht.
- Déileáladh le gach iarratas a fuarthas ón mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, laistigh de na tréimhsí ama socraithe. Fuarthas breis is 150 iarratas mar é i 2007.
- Bhí méadú ar líon na n-éileamh ar Athbhreithniú Breithiúnach a tógadh i 2007, ag féachaint le dúshlán a chur faoi phróisis agus nósanna imeachta na hOifige. Fuarthas 440 iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach i 2007, i gcomparáid le 233 i 2006. Léiríonn sin méadú ginearálta ar iarratais ar an Ard-Chúirt le haghaidh Athbhreithniú Breithiúnach sna réimsí tearmainn agus inimirce. D'imlonnaigh an Oifig baill foirne go hinmheánach chun freastal don bhfás seo agus d'oibrigh sí go dlúth i gcónaí le hOifig an Phríomhaturnae Stáit chun an riar cásanna a bhainistiú go héifeachtach.
- Sa chás go mbíonn an Oifig sásta gur dearnadh earráid nó easnamh ina nósanna imeachta a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar thoradh imscrúdaithe, ní chuirtear in aghaidh Athbhreithniú Breithiúnach, ar mhaithe le cothroime agus luas. I gcásanna mar iad, is é beartas na hOifige ná teacht ar shocrú comhaontaithe gan mhoill. I gcásanna ina mheasann an Oifig nach bhfuil an cás amhlaidh, tá sí sásta cur in aghaidh cás Athbhreithnithe Breithiúnaigh go hiomlán chun an fhreagracht atá uirthi iomláine an phróisis tearmainn a chosaint a chomhlíonadh.
- In Eanáir 2007, chinn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar Phrótacal Conartha an AE maidir le tearmann do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm. Forálann an Prótacal go príomha go mbeidh iarratais ar stádas dídeanaí ó náisiúnaigh an AE neamhinghlactha le haghaidh próiseála ach i gcásanna fíoreisceachtúla. I ndáiríre, ciallaíonn

feidhmiú an Phrótacail nach ceadmhach d'iarrthóirí ó Stáit an AE dul isteach sa phróiseas tearmainn. Tugadh nósanna imeachta nua isteach chun éifeacht a thabhairt don Phrótacal san Oifig.

- I gcaitheamh na bliana d'earcaigh an Oifig beirt Taighdeoirí Dlí a chuideoidh chun a chinntiú go mbeidh nósanna imeachta imscrúdaithe agus cinnidh láidir ó thaobh an dlí.

Nós imeachta oscailte agus cothrom

- Lean gach cinnteoir san Oifig ar fhoinsí COI cothrom le dáta amhail pacáiste *Refworld* Roinn Cosanta Eolais Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe agus an Líonra um Thíortha Tionscnaimh Eorpacha a úsáid. Déanann an RDC taighde COI ar son na hOifige chomh. Tiomsaíodh Tuarascáil Mhíosúil Monatóireachta COI chun próifíl leantach a sholáthar ar chineálacha cásanna reatha a aithníodh ó fhoirmeacha iarratais iarrthóirí. Sholáthair sé seo eolas reatha éifeachtach bainistíochta ar na cineálacha éileamh, treochtaí agus tíortha atá ag giniúint dídeanaithe.
- Lean an Oifig de bheith ag soláthar seirbhísí cuimsitheacha ateangaireachta i 2007. Gné ríthábhachtach de chóras oscailte agus cóir is ea seirbhís ateangaireachta agus aistriú dóiciméad ar ardchaighdeán a sholáthar. Ligeann sé d'iarrthóirí a gcás a mhíniú go hiomlán ag gach céim den phróiseas tearmainn. Bhí 98 tír nach mór i riar cásanna na hOifige agus cuireadh aistriúcháin agus ateangaireachtaí ar fáil in 80 teanga. Lena chois sin, ba ghá ateangairí a thabhairt ó thíortha thar lear agus/nó ateangaireacht teileafóin a úsáid i roinnt cásanna.
- De réir na gcóras Dearbhú Cáilíochta a d'aontaigh an Oifig le soláthraithe seirbhíse aistriúcháin, lean an Oifig de bheith ag fíorú go neamhspleách agus go rialta cruinneas ceatadán de na doiciméid aistrithe. Lena chois sin, soláthraíodh aiseolas maidir le hateangaireacht ag agallaimh don soláthraí seirbhíse ag cruinnithe rialta oibriúcháin.
- Bhí anailís teanga in úsáid ag an Oifig i gcónaí i 2007 agus seoladh dhá cheann is fiche d'agallaimh anailís teanga.

Sprioc Ardleibhéil 3

Cuidiú le caomhnú iomláine an phróisis tearmainn.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Na hiarrthóirí sin ar dídeanaithe iad faoi shainmhíniú Alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996 a aithint chomh luath agus is féidir, ar mhodh éifeachtach cothrom.*
- *Mí-úsáid an phróisis tearmainn a bhrath agus a íoslaghdú.*
- *A bheith mar ionadaí ag an gCoimisinéir ag éisteachtaí achomhairc ag an mBinse Acmhomharc do Dhídeanaithe.*
- *Beartais agus nósanna imeachta dár gcuid féin a fhorbairt chun iomláine an chórais tearmainn a chaomhnú.*

Alt 2 d'Acht na nDídeanaithe,1996

- I gcaitheamh 2007, rinneadh obair leanúnach chun a chinntiú gur déileáladh le hiarratais ar stádas dídeanaí go pras, i gcomhréir le cothroime, na n-acmhainní infhaighte agus ag féachaint do chastacht an riar chásanna idir lámha.
- Próiseáladh sruth cásanna in ord tosaíochta laistigh de 9/12 lá oibre ó dháta an iarratais. Próiseáladh na hiarratais seo go críoch laistigh de 5/8 lá oibre eile óna n-agallamh substaintiúil, rud a thug aga iomlán próiseála de 17/20 lá oibre ó dháta an iarratais.
- Próiseáladh iarratais ó mhionaoisigh gan duine ina gcuideachta a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire san iomlán laistigh de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais. Próiseáladh na cásanna seo de réir an chleachtais idirnáisiúnta ab fhearr agus fuair an fhoireann a leithroinneadh ar na cásanna seo oiliúint speisialaithe ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe.

- Próiseáladh iarratais ó iarrthóirí faoi choinneáil chomh pras agus ab fhéidir. Cuireadh iarrthóirí i bpríosúin faoi réamhagallamh faoi Alt 8 d'Acht na nDídeanaithe 1996 chomh fada agus ab fhéidir laistigh de 48 uair an chloig ó dháta an iarratais. Bhí na cásanna seo sceidealta le haghaidh agallamh substaintiúil laistigh de 20 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de 8 lá oibre eile, rud a thug aga iomlán próiseála de 28 lá oibre.
- Iarrthóirí ar theip orthu comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn, measadh go raibh siad tar éis tarraingt siar laistigh de cheithre lá oibre ó dháta sceidealta a n-agallamh substaintiúil (ach sa chás gur léiríodh údar réasúnta le gan a bheith i láthar ag agallamh agus/nó gan comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn). Sa bhliain 2007, bhí 689 cás a measadh a bhí sa chatagóir d'iarratais a tarraingíodh siar.
- Thug an Oifig ríomhairí glúine isteach de réir a chéile do na cásoibrithe ar fad atá bainteach leis an bpróiseas agallóireachta agus faoi dheireadh 2007 bhí 72% de chásoibrithe á n-úsáid. Cuireann an cleachtas seo le caighdeán na nótaí agallaimh d'iarrthóirí agus dá n-ionadaithe dlí. Thug sé teacht níos fusa chomh maith ar bhunachair shonraí COI/RSD le linn an phróiseas agallóireachta, rud a laghdaíonn an gá leis an dara agallamh le hiarrthóir chun soiléiriú a lorg ar cheisteanna a tháinig chun cinn le linn an phróisis chinnidh.

Mí-úsáid a bhrath agus laghdú

- I gcaitheamh 2007, bhí roinnt iarrthóirí nár thuill cosaint idirnáisiúnta agus/nó stádas dídeanaí a aithníodh de réir fhorálacha Acht na nDídeanaithe, 1996. Orthu seo bhí cásanna mar a raibh forais thromchúiseacha le ceapadh go raibh na hiarrthóirí ciontach i gcoireanna mórchúiseacha ar nós coireanna in aghaidh an chine daonna, coireanna cogaidh agus/nó coireanna mórchúiseacha neamhpholaitiúla roimh theacht chuig an Stát seo dóibh. Breathnaítear ar fhorálacha mar seo mar chásanna "clásáil eisiachais". Tá treoir faighte ag cásoibrithe agus Oifigigh Láithreoireachta maidir leis na nósanna imeachta atá le leanúint agus na cásanna seo á n-aithint agus conas an chlásáil eisiachais a chur i bhfeidhm sna moltaí ina dtuairiscí don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ag éisteachtaí ó bhéal ag an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe.
- Bhí anailís teanga á húsáid ag an Oifig i gcónaí i 2007 i gcásanna cuí. Tá céimeanna ar bun chun an próiseas seo a chur ar bhonn níos foirmeálta, agus sa mhéid seo, cuireadh tús le próiseas tairiscintí chun seirbhís anailíse teanga a sholáthar don Oifig. Is é a chiallaíonn anailís teanga iarraidh ar shaineolaí neamhspleách caint duine ar leith a scrúdú chun bunús tíreolaíoch agus/nó eitneach an duine a dhéanamh amach chomh cruinn agus is féidir. Déantar taifead de chaint an iarrthóra agus scríobhann saineolaí teanga tuarascáil ina dhiaidh sin faoi threoir theangeolaí. Breithnítear tuarascáil anailíse teanga i gcomhar le gach mír eile d'éileamh.
- Baineadh lánúsáid i gcaitheamh na bliana as próisis Rialachán Bhaile Átha Cliath II agus EURODAC chun a chinntiú cé hiad na hiarrthóirí a bhí dlite le próiseáil i Stát eile de chuid an AE.
- I gcásanna ina raibh amhras ar an Oifig mar gheall ar bharántúlacht doiciméad aitheantais ghrianghrafadóireachta a chuir iarrthóir chuig an Oifig, atreoraíodh iad go dtí Biúró Teicniúil an Gharda le haghaidh scrúdú. I roinnt cásanna bhí ar chumas an Bhiúró amhras a dheimhniú mar gheall ar baint leis agus/nó a dheimhniú nach raibh na gnéithe riachtanacha slándála ag na doiciméid.

Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Choimisinéara ag éisteachtaí achomhairc ag an mBinse Acmhomharc do Dhídeanaithe

- Méadaíodh líon na n-éisteachtaí a bhí le seirbhísiú ag Oifigigh Láithreoireachta sa tseachtain de 25% i Márta 2007.
- I gcaitheamh na bliana sceidealaigh an Binse Achomharc do Dhídeanaithe 2,051 éisteacht achomhairc mar a raibh ionadaíocht le bheith ag an gCoimisinéir. Bhí ionadaíocht ag an gCoimisinéir ag 1,672 de na cásanna seo agus i gcás an fhuílligh, cuireadh cásanna áirithe siar, tarraingíodh cásanna eile siar agus éisteadh líon beag cásanna gan Oifigeach Láithreoireachta a bheith i láthair.
- Cuireadh oiliúint iomlán i nósanna imeachta RSD, Taighde COI, oiliúint shainiúil do chásoibrithe agus oiliúint sa bhfeidhm Láithreoireachta ar gach Oifigeach Láithreoireachta nua a sannadh don Aonad sular sannadh cásanna dóibh le tabhairt os comhair an Bhinse. Bhí oiliúnóireacht agus meantóireacht ar siúl ag comhghleacaithe cleachta i gcónaí i gcaitheamh na bliana.

- Déileáladh le gach iarratas a fuarthas ón mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe laistigh de na tréimhsí ama socraithe. Fuarthas breis is 150 fiosrú i 2007.
- Tugadh córas nua sceidealaithe isteach le comhoibriú an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe (RAT) chun líon na gcásanna a d'fhéadfaí a sceidealú ar bhonn seachtain go seachtain a uasmhéadú.
- Bhí idirchaidreamh leanúnach ar siúl i 2007 idir an Oifig agus an Binse chun líon an n-éisteachtaí acomhairc a sheirbhísígh Oifigigh Láithreoireachta a uasmhéadú.

Beartais agus nósanna imeachta chun iomláine an chórais tearmainn a chaomhnú

- Lean an Oifig de bheith ag athbhreithniú agus ag nuashonrú a phróisis agus a nósanna imeachta. Maidir leis seo, tugadh nósanna imeachta nua isteach ar mhaithe le:
  - déileáil le heolas gan iarraidh.
  - déileáil le doiciméadú a chuirtear isteach mar thaca le hiarratais ar thearmann.
- Athbhreithníodh agus leasaíodh roinnt nósanna imeachta atá anois ann de réir mar ba ghá. Orthu seo bhí:
  - iarratais a phróiseáil ó mhionaoisigh gan duine ina gcuideachta.
  - éilimh a phróiseáil ó pháistí spleácha.
- Scrúdaíodh nósanna imeachta nua aiseolais chun eolas a sholáthar ón Aonad Láithreoireachta do na hAonaid Phróiseála Cásanna bunaithe ar tuairimí a cuireadh ar aghaidh ag Éisteachtaí Achomhairc roimh an mBinse maidir le hábhar tuaraiscí Alt 13 chomh maith le tuairimí a cuireadh ar aghaidh mar gheall ar agallaimh.
- Tugadh nósanna imeachta aiseolais isteach chomh maith idir Aonad Athbhreithniú Breithiúnach na hOifige agus Aonaid Phróiseála cásanna maidir le torthaí ar imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnacha.

Sprioc Ardleibhéil 4

Leanúint dár sársheirbhís do chustaiméirí.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí.*
- *Eolas soiléir a sholáthar dár gcustaiméirí maidir leis an bpróiseas tearmainn.*
- *Modh déanta gearán cuimsitheach agus éifeachtach a sholáthar.*

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí

- Tá an Oifig mórtasach as caighdeán na Seirbhíse do Chustaiméirí a sholáthraíonn an fhoireann agus an tAonad Seirbhíse do Chustaiméirí. Féachann an Oifig le cinntiú go bhfaigheann a custaiméirí seirbhís den scoth ar gach ócáid. Bhí béim ar leith á chur ar an bpróiseas seo i gcónaí i 2007.
- Rinneadh dhá cheann de Shuirbhéanna ar Chustaiméirí i 2007 chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil. Bhain an chéad cheann díobh seo leis an Áit Feithimh ar Agallaimh agus an dara ceann leis na socruithe le haghaidh agus seoladh an agallaimh shubstaintiúil a bhforáltar dó faoi Alt 11 d'Acht na nDídeanaithe, 1996. Léirigh torthaí an tsuirbhé ar an Áit Feithimh ar Agallaimh:
  - go raibh 63.6% de fhreagróirí sásta agus 36.4% an-sásta le leagan amach na hÁite Feithimh ar Agallaimh.
  - ní raibh aon mholtaí ag 81% de fhreagróirí maidir le caighdeán na seirbhíse.
  - ní raibh aon mholtaí ag 85% de fhreagróirí maidir le feabhsuithe ar an áit sin.
- Bhí na torthaí an-dearfach maidir leis an suirbhé ar shocruithe do agus seoladh agallamh Alt 11. Fuair an suirbhé:
  - Go raibh 31.4% de fhreagróirí sásta agus 68.6% an-sásta le leibhéal na cúirtéise agus an mheasa a léiríodh dóibh.
  - Bhí 94.3% a bhraith go bhfuair siad deis míniú a thabhairt ar na cúiseanna nár mhian leo filleadh ar a dtír thionscnaimh.

- Bhí 97% de fhreagróirí sásta leis na socruithe fisiceacha don agallamh. Tá torthaí na suirbhéanna le fáil ar láithreán Gréasáin na hOifge.

- I gcaitheamh 2007, bhí an Oifig rannpháirteach i meastóireacht a rinneadh ar fud na Státseirbhíse ar Chairteanna Sheirbhíse do Chustaiméirí. Ba é Roinn an Taoisigh a choimiúnaigh an suirbhé chun a fháil amach cé mar ar cuireadh tionscnamh na gCairteanna do Chustaiméirí i ngníomh i Ranna agus in Oifigí Rialtais. Bhí cuntas dearfach ar an Oifig i measc príomhthorthaí na tuarascála maidir leis an gcleachtadh seo.
- Bhí dhá chruinniú ag an bPainéal Idirchaidrimh do Chustaiméirí i 2007. Soláthraíonn an painéal seo fóram úsáideach chun dul i gcomhairle ar raon leathan ceisteanna agus chun eolas a sholáthar d'eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le forbairtí i dtaca leis an bpróisteas tearmainn in Éirinn.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gcóras rianaithe comhfhreagrais i 2007 chun go gcomhlíonfadh sé na gealltanais chomhfhreagrais a srac-rianaítear i gCairt na hOifige do Chustaiméirí. Rianaíodh gach comhfhreagras scríofa agus admháladh é laistigh de thrí lá oibre. Eisíodh freagra iomlán, ar an meán, laistigh de cúig go hocht lá oibre. Ullmhaíodh freagraí i bhfocail shoiléire simplí agus luadh teagmhálaí foirne ar gach comhfhreagras.
- Phróiseáil ár nIonad Seirbhíse do Chustaiméirí (CSC) breis is 31,468 ceist ó chustaiméirí i 2007. Tugann Tábla A ag Aguisin 5 miondealú ar chatagóirí na gceisteanna seo.

Eolas soiléir do chustaiméirí

- I 2007 tugadh isteach Binse Cabhrach Riaracháin/ Sceidealta i 2007 chun cuidiú le custaiméirí inmheánacha a bhfuil ceisteanna acu.
- Bhí seirbhís freagartha teileafóin do chustaiméirí á soláthar i gcónaí ó Luan go hAoine gach seachtain ó 09.15 go 17.30.

Nósanna Imeachta Gearán do Chustaiméirí

- Athbhreithníodh an Nós Imeachta Gearán do Chustaiméirí agus postáladh é ar láithreán Gréasáin na hOifige.

Sprioc Ardleibhéil 5

Bainistiú éifeachtach agus críochnúil a dhéanamh ar an eagraíocht agus a acmhainní agus cúram ar leith a dhéanamh d'fhorás na foirne.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Féachaint chuige go dtacaíonn ár gcreataí pleanála um ghnó agus fheidhmíocht aonair le feidhmíocht optamach na heagraíochta.*
- *Daonacmhainní a bhainistiú chun riachtanais ghnó na heagraíochta agus riachtanais foráis na foirne a chomhlíonadh.*
- *Úsáid optamach a bhaint as réitigh TFC chun tacú le riachtanais ghnó na hEagraíochta.*
- *Úsáid éifeachtach na n-acmhainní airgeadais a chinntiú.*
- *Pleanáil faoi chomhair chlár díláraithe an Rialtais agus é a chur chun feidhme chomh fada agus a bhaineann sé leis an Oifig.*
- *Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar shaoráidí na hOifige.*
- *Tiomantas láidir a spreagadh do bhealaí nua oibre trí chomhpháirtíocht.*
- *Tacaíocht chorparáideach ardchaighdeáin a sholáthar don Oifig chun gur féidir léi a feidhmeanna reachtúla agus neamhreachtúla a chomhlíonadh agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar chumarsáid na hoifige, go hinmheánach agus go seachtrach.*

Pleanáil Ghnó

- Ullmhaíodh Pleananna Gnó i ngach aonad ag tús na bliana 2007, mar a rinneadh i mblianta roimhe sin. Athbhreithníodh na Pleananna Gnó le haghaidh gach aonaid go ráithiúil agus rinneadh leasuithe nuair ba ghá. Leag na Pleananna Gnó ar fad béim láidir ar phróiseáil phras agus éifeachtach iarratas ar thearmann, iarratais ar athaontú teaghlaigh agus cásanna Rialachán Bhaile Átha Cliath II. Rinneadh cuid de Phlean Gnó na hOifige de ghealltanais maidir le Seirbhís do Chustaiméirí agus Dearbhú Cáilíochta chomh maith.
- Sa bhliain 2007 eagraíodh roinnt seisiún mionteagaisc d'fhoireann na hOifige ar an bpróiseas pleanála gnó chun an treoir riachtanach a sholáthar chun Pleananna Gnó a ullmhú agus faireachán a dhéanamh orthu.
- Gné eile de chuid an phróisis phleanála gnó ná measúnú ar bhainistiú rioscaí. Chinntigh sé sin gur aithníodh rioscaí féideartha roimh ré agus gur cuireadh maoluithe agus rialuithe i bhfeidhm chun an tionchar ar an Oifig, a custaiméirí agus a páirtithe leasmhara a íoslaghdú. Gné shean-bhunaithe de chuid Phleanáil Ghnó na hOifige faoin am seo is ea rioscaí féideartha don eagraíocht a aithint go luath.
- Athbhreithníodh an Clárleabhar Rioscaí maidir le Plean Gnó gach Aonaid go ráithiúil agus rinneadh beart cuí nuair ba ghá.

Daonacmhainní/Oiliúint

- Bhí cur chun feidhme na Straitéise Daonacmhainní agus Oiliúint & Forbartha (2005-2008) ar siúl i gcónaí agus tugadh raon leathan gealltanas chun críocha nó brostaíodh iad. Rinneadh monatóireacht ar dhul chun cinn ar chur chun feidhme na Straitéise agus tuairiscíodh uirthi i dtuairiscí míosúla ar an bPlean Gnó agus sa Tuarascáil Bhliantúil. Lena chois sin tugadh an dara tuarascáil maidir le dul chun cinn ar an Straitéis Daonacmhainní chun críche agus scaipeadh é ar an gCoiste Comhpháirtíochta agus ar an bhfoireann ar fad go luath i 2007.
- Lean cur i ngníomh an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin (PMDS) i 2007. Thosaigh an fhoireann ar bhunachar sonraí nua PMDS a úsáid a ceapadh i gcomhar le hAonad TF na hOifige agus a rolladh amach chuig an bhfoireann ar fad i lár mhí Eanáir 2007. Soláthraíonn an bunachar sonraí seo áit lárnach stórála d'fhoirmeacha PMDS, cruthaíonn foirmeacha teimpléid, cumasaíonn foirmeacha a chur go leictreonach idir baill foirne agus bainisteoirí agus soláthraíonn staitisticí do bhainisteoirí maidir le dul chun cinn ina réimsí cúraim. Dréachtaíodh miontreoracha maidir le hoibriú an bhunachair shonraí agus eisíodh don bhfoireann iad. Lena chois sin, ritheadh ceithre chúrsa eolais mar gheall ar an mbunachar sonraí nua chun cabhrú leis an bhfoireann dul i dtaithí air. Comhlánaíodh gach ceann d'fhoirmeacha PMDS 2007 leis an mbunachar sonraí nua.
- Scaoileadh le bainisteoirí uile na hOifige chun dul i mbun oiliúna ar an gcóras rátálacha nua PMDS lena gcomhghleacaithe ó gach cuid den Roinn, chun comhsheasmhacht a chinntiú i bhfeidhmiú na rátálacha. Lean comhtháthú an PMDS le beartais agus próisis Daonacmhainní i 2007 agus baineadh úsáid as gach rátáil a tugadh don fhoireann ag céim an athbhreithnithe bhliantúla d'íoc incrimintí agus incháilitheacht d'ardú céime i 2008.
- Coimeádadh acmhainní foirne na hOifige faoi athbhreithniú leanúnach ag leibhéal an Aonaid agus ag leibhéal na heagraíochta araon agus rinneadh athleithdháileadh agus atheagrú ar acmhainní go hinmheánach ar roinnt ócáidí chun riachtanais ghnó a bhí ag athrú a chomhlíonadh.
- Bhí seisiúin lóin agus foghlama á gcur ar fáil don fhoireann i gcónaí le linn 2007. Tugadh cainteanna ar thopaicí amhail Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais, Alcoholics Anonymous, Disability Federation of Ireland, Schizophrenia Ireland, obair na Gníomhaireachta Fáiltithe agus Imeasctha agus obair an Aonaid Saoránachta, INIS Socraíodh caint ag am lóin chomh maith leis an NCCRI chun "An tSeachtain Idirchultúrtha agus Frithchiníoch" a cheiliúradh i mí an Mhárta 2007.

- Ceiliúradh Seachtain Frithchiníoch san Ionad Oibre i Samhain 2007 chomh maith le caint ag am lóin ó ionadaí de chuid Ionaid na hAfraice. Lena chois sin, eagraíodh cainteanna eolais don fhoireann ar thopaicí a bhaineann le pinsin agus sláinte (.i. Ranníocaíochtaí Breise Deonacha agus Ciste Ospidéil an tSathairn).
- Athbhreithníodh an Treoirscéim Ríomhoibre, a tugadh isteach den chéad uair in Iúil 2006, i Meán Fómhair 2007 agus fadaíodh an treoirscéim dá bharr.
- Mar thacaíocht bhreise don fhoireann, socraíodh a thuilleadh cuairteanna rialta ar an láthair ón Oifigeach Cuidithe Fostaithe i gcaitheamh na bliana. Lena chois sin, eagraíodh Clinicí Pearsanra i dtrí fhoirgneamh na hOifige go rialta mar a raibh fostaithe ón Aonad Daonacmhainní ar fáil chun ceisteanna ón bhfoireann a fhreagairt.
- I gcaitheamh 2007 bhí a Beartas agus a Clár Comhionannais á cur chun feidhme ag an Oifig i gcónaí agus réitíodh tuarascáil ar dhul chun cinn, a scaipeadh ar an bhfoireann ar fad.
- Cuireadh Lá na Cothromaíochta idir Saol na hOibre agus an Saol Lasmuigh de chun cinn ar an 1ú Márta 2007. Bhí raon leathan scéimeanna do chothromaíocht idir saol na hoibre agus an saol lasmuigh de ar fáil don fhoireann amhail jabroinnt, obair théarma, fleisc-am, saoire tuismitheora srl.
- Eagraíodh scéim moltaí foirne a thug deis don fhoireann smaointe a chur ar aghaidh a rachadh chun leasa na heagraíochta.
- I gcaitheamh 2007, bhí an eagraíocht ag soláthar deiseanna oiliúna agus foráis don fhoireann i gcónaí. Dréachtaíodh Plean Oiliúna Bliantúil don bhliain 2007 agus scaipeadh é ar an bhfoireann. Thóg an Plean cuntas de thosaíochtaí oiliúna eagraíochtúla agus de riachtanais oiliúna aonair a aithníodh ar fhoirmeacha PMDS.
- Bhí cur chun feidhme na Straitéise Daonacmhainní agus Oiliúint & Forbartha (2005-2008) ar siúl i gcónaí agus tugadh raon leathan gealltanas chun críocha nó brostaíodh iad. Déantar faireachán ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme agus tuairiscítear air i dtuairiscí míosúla ar an bPlean Gnó agus sa Tuarascáil Bliantúil.
- Chun úsáid ríomhairí glúine a éascú ag agallaimh i bPróiseáil Cásanna, cuireadh roinnt cúrsaí oiliúna i Scileanna Méarchláir ar fáil. Fuair an fhoireann oiliúint shainiúil maidir le húsáid ríomhairí glúine ag agallaimh.
- Cuireadh oiliúint tacaíochta síceolaíoch agus tacaíocht leanúnach ó phiaraí ar fáil don fhoireann Próiseála Cásanna.
- Tugadh faoi athbhreithniú ar an gClár Oilúna Cinneadh Dídeanaí do chásoibrithe agus do chinnteoirí chun a chinntiú go raibh an oiliúint a bhí á cur ar fáil oiriúnach dá riachtanais eile. Chuir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe an Clár Oiliúna ar fáil don fhoireann ar fad i bPróiseáil Cásanna. Soláthraíodh leathanaigh chuimsitheacha eolais, nótaí treoracha, modheolaíocht agus teimpléad leasaithe (ar forbraíodh iad ar fad intí) don fhoireann ar fad a d'fhreastail ar na seisiúin oiliúna sin. Meastar go gcuirfidh an oiliúint seo le caighdeán na n-agallamh agus go mbeadh cinntí níos láidre ó thaobh an dlí dá barr.
- Cuireadh breis is 720 aonad oiliúna ar fáil don bhfoireann i gcaitheamh na bliana. Chomh maith le hoiliúint oibriúcháin ar nós Cinneadh Stádas Dídeanaí, Oiliúint maidir le Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh agus Iondúchtúchán Sainiúil do Chásobair, cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil sna réimsí seo a leanas: Feasacht ar Idirchultúrachas, Scileanna Seirbhíse do Chustaiméirí, Scileanna Cruinnithe, Feasacht ar Bhulaíocht agus ar Chiapadh, Méarlorgaireacht Dhigiteach, Scileanna Scríbhneoireachta agus Bainistiú Ama. D'fhreastail baill foirne ar Oiliúint i Rátáil PMDS, i gClóscríobh, in Oiliúnóireacht Feidhmiúcháin, i mBainistiú Tionscadal, in Oiliúint do Mhaoir Dhóiteáin, i nGarchabhair Saothair agus i gCosaint Idirnáisiúnta agus i gCearta an Duine.
- Tugadh faoi athbhreithniú ar an Anailís ar Riachtanais Oiliúna d'fhoireann na hOifige ar fad ag deireadh 2007, agus beidh na torthaí ar fáil go luath i 2008.
- Scaoileadh leis an bhfoireann ar fad chun freastal ar shraith de chomhdhálacha aon lae a d'eagraigh an INIS maidir leis na hathruithe reachtacha agus eagraíochtúla a bheidh le cur i gcrích ag na réimsí inimirce agus tearmainn ag éirí, inter alia, de dhroim an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint.

- Iarradh ar an Oifig roinnt modúl a éascú ag Comhdháil na nArd-Stiúrthóirí ar Sheirbhísí Inimirce (GDISC) i Maidrid i mí an Mheithimh 2007, ag plé le Bainistiú Cáilíochta agus le nuachóiriú an Phrósis Tearmainn san AE.

Teicneolaíocht Faisnéise

- Brostaíodh roinnt gealltanas i straitéis TF na hOifige a chlúdaíonn an tréimhse 2005-2007, lena n-áirítear iad seo a leanas:
  - Bhí ionadaíocht ag an Oifig i gcónaí ar an mBord Tionscadail agus ar an nGrúpa Feidhmithe de thionscadal an Uathchórais Aithint Méarlorg (AFIS), le cois tacaíocht riachtanach eile a sholáthar don tionscadal. Tugadh Céim 1 den tionscadal isteach ag deireadh Dheireadh Fómhair 2007 agus chumasaigh sé uath-thógáil agus tarchur méarlorg lucht iarrtha tearmainn chuig EURODAC (bunachar sonraí méarlorg tearmainn na hEorpa ar fad).
  - Bhí ionadaíocht ag an Oifig ar an mBord Tionscadail agus ar Ghrúpa Feidhmithe an Chláir um Chomhtháthú Straitéiseach Tearmainn agus Inimirce (AISIP) a fhéachann le aon bhonneagar TF amháin ó cheann go ceann a chruthú idir na gníomhaireachtaí agus na rannáin éagsúla atá ag plé leis an bpróiseas tearmainn agus inimirce laistigh den tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce. Eascóidh sé sin cur chuige comhtháite i leith cásbhainistiú, bainistiú cóiríochta, eolas ar thíortha tionscnaimh agus rianú comhad.

    Thosaigh céim fheidhmithe an tionscadail in Eanáir 2007 – Céim Shlógtha an Tionscadail. Tugadh an chéim sin chun críche go hiomlán i 2007. Ina dhiaidh sin, tosaíodh ar an dara céim – Céim an tSrac-chuntas agus an Dearaidh.

- Chuaigh ceann de mhodúil an chórais AISIP, an córas Eolais ar Thíortha Tionscnaimh, beo i Meán Fómhair 2007. Cumasóidh an córas COI don Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe bonn eolais níos saibhre, níos cothrom le dáta agus níos cruinne a choimeád d'eolas ar thíortha tionscnaimh. Soláthraíonn an córas áiseanna chun eolas leictreonach a chothabháil agus teacht a thabhairt air, leabharlann iasachtaí a bhainistiú agus bainistiú a dhéanamh ar fháil agus ar phróiseáil ceisteanna maidir le hiarratais ó ghníomhaireachtaí amhail an Oifig, agus cleachtóirí dlí príobháideacha a ionadaíonn do chliaint atá cláraithe le Seirbhís Dlí na nDídeanaithe.
- Ceapadh bunachar sonraí nua PMDS don Aonad Daonacmhainní/Oiliúna agus rolladh amach é chuig foireann uile na hOifige in Eanáir 2007. Nuashonraíodh an bunachar sonraí seo i gcaitheamh na bliana roimh céimeanna athbhreithnithe idirlinne agus deiridh phróiseas bhliantúil an PMDS.
- Dearadh Bunachar Sonraí Ceisteanna Parlaiminte nua do cheisteanna parlaiminte a bhaineann go sonrach leis an Oifig. Rolladh an bunachar sonraí seo amach chuig an bhainistíocht shinsearach sa cheathrú ráithe de 2007.
- Ceapadh agus rolladh amach bunachar sonraí maidir le Ceisteanna Coitianta don fhoireann uile i gcaitheamh na bliana. Chlúdaigh an bunachar sonraí réimse na Teicneolaíochta Faisnéise.
- Ceapadh bunachar sonraí eile don phróiseas Bainistíocht ar Athrú a bhaineann leis an mBille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint.
- Bhí bunachar sonraí Deasc Chabhraigh á chothabháil i gcónaí ag an Aonad TF chun ceisteanna agus iarratais ar thacaíocht TF a rianú agus a thaifead, rud a chumasaíonn do chustaiméirí inmheánacha a gcuid iarratas a chur díreach chuig an Deasc Chabhrach le ríomhphost, áit ar féidir monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a bhrostú. Ba é 4,819 líon na n-iarratas a cuireadh chuig an Deasc Chabhrach i 2007. Lena chois sin, próiseáladh roinnt mhaith iarratas maidir le monatóireacht a tháinig leis an bpost.
- I gcaitheamh na bliana bhí foireann Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise ag cuidiú i gcónaí le Aonad Oiliúna na hOifige maidir le soláthar cúrsaí oiliúna.
- Lena chois sin tugadh faoi roinnt tionscadal meánscála go mórscála le haghaidh forbairt agus cothabháil leanúnach chórais TF na hOifige, lena n-áirítear forbairt roinnt leabharlann nua do dhoiciméid do phríomhréimsí na heagraíochta.

- Cuireadh tús leis an obair chomh maith ar aistriú chórais TF na hOifige chuig líonra Seirbhísí Comhroinnte na Roinne (CITRIX). Éascóidh an tionscadal seo comhchuibhiú réidh na hOifige isteach san INIS ar achtú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint.

Seirbhísí Tacaíochta Inmheánacha

- Dhéileáil an tAonad Eagraíochtúil/Airgeadais le 2,359 iarratas ó bhainisteoirí agus ón bhfoireann ar sheirbhís tacaíochta eagraíochtúla, cóiríochta, bainistiú tí, airgeadais agus seirbhísí riachtanacha eile chun tacú le feidhmíocht optamach na heagraíochta. Bhí bunachar sonraí tacaíoachta á chothabháil ag an Aonad i gcónaí don Deasc Chabhrach ar mhaithe le héifeachtúlacht uasta i soláthar na seirbhísí sin.
- Sholáthair an tAonad Cóipeála/Clárúcháin príomhsheirbhís tacaíochta don Oifig trí 3,603 comhad a chóipeáil agus 10,979 comhad a logáil isteach agus amach as Clárú le linn 2007. Chomh maith leis sin, d'athbhreithnigh agus d'fheabhsaigh an tAonad na nósanna imeachta do chóipeáil, tógáil agus aistriú cáschomhad.

Acmhainní Airgeadais

- Chuir an Oifig rialuithe inmheánacha agus seachtracha cuí airgeadais i bhfeidhm chun a chinntiú gur fhan caiteachas laistigh den bhuiséad agus de réir Nósanna Imeachta Bheartas Airgeadais agus na dTreoirlínte Soláthair Phoiblí. Rinneadh monatóireacht chomh maith ar chaiteachas chun luach ar airgead a chinntiú.
- Tá toradh chaiteachas na hOifige don bhliain 2007 leagtha amach in Aguisín 6 den tuarascáil seo.

Dílárú

- Ní raibh an Oifig san áireamh sa chlár díláraithe i gcaitheamh na bliana, ach coimeádadh an fhoireann ar an eolas maidir le cora sa Phlean Díláraithe iomlán.

Comhpháirtíocht

- Bhí an chomhpháirtíocht an-tábhachtach riamh agus i gcónaí maidir le bainistiú ar athrú agus nuachóiriú laistigh den eagraíocht. Tháinig an Coiste Comhpháirtíochta le chéile ar 10 ócáid i gcaitheamh na bliana. Phléigh an Coiste roinnt ceisteanna agus
  - lean lena chuid oibre maidir le straitéis chumarsáide sheachtrach a cheapadh don eagraíocht.
  - mheasúnaigh oibriú chruinnithe na nAonad ar fud na heagraíochta agus scaip Treoir maidir leis an gCleachtas is Fearr maidir le cruinnithe Aonaid ar an bhfoireann ar fad.
  - scrúdaigh bealaí chun eolas a sholáthar don fhoireann ar na hathruithe a leanfaidh an reachtaíocht nua i 2008.
- Faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (SMI), eagraíodh ceardlann Sheirbhís do Chustaiméirí don fhoireann ag leibhéal an Ardfheidhmeannaigh Feidhmiúcháin agus os a chionn i mBealtaine 2007 chun féachaint ar (1) teagmháil thosaigh an chéad lá, (2) eolas/comhfhreagras, (3) agallamh Alt 11, (4) an próiseas i ndiaidh an chinnidh agus (5) idirghníomhartha Athaontú Teaghlaigh agus Aonad Bhaile Átha Cliath. Mar chuid dá mbreithniú, iarradh ar rannpháirtithe féachaint ar sholáthar na seirbhíse do chustaiméirí san Oifig ó thaobh an iarrthóra agus óna dtaithí féin ar an eagraíocht.
- Breithníodh na moltaí agus na tuairimí a tháinig ón gceardlann ina dhiaidh sin agus tosaíodh ar iad a chur i ngníomh. Tá cuid de na moltaí agus na tuairimí a tháinig ón gceardlann, amhail suirbhé ar chustaiméirí, curtha i ngníomh cheana féin. Tá moltaí eile á mbreithniú i bhfianaise na n-athruithe a thiocfaidh le hachtú pleanáilte an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint i 2008.
- Bhí Coiste Sóisialta na hOifige, a bunaíodh mar Ghrúpa Oibre den Choiste Comhpháirtíochta sa dara leath de 2006 chun gníomhaíochtaí sóisialta a chur chun cinn san Oifig, i mbun oibre i gcónaí i 2007 agus eagraíodh roinnt imeachtaí.

- Athbhunaíodh Grúpa Oibre Pobail Áitiúil tar éis gur éirigh go maith le grúpa oibre roimhe sin i 2006 a chothaigh tacaíocht don phobal áitiúil trí imeachtaí bailithe airgid. D'eagraigh an Grúpa Oibre roinnt imeachtaí i gcaitheamh na bliana agus bhailigh €2,855 do Chlub Peile Phiarsaigh na Life. Freastalaíonn an Club ar líon mór páistí áitiúla agus úsáidfear an t-airgead chun áiseanna agus trealamh an Chlub a fheabhsú.

Forbairtí Corparáideacha

- Ullmhaíodh Ráiteas Straitéise nua don Oifig do na blianta 2007 go 2009. Cur chuige comhpháirtíochta is ea a úsáideadh leis an Ráiteas Straitéise a cheapadh agus chuathas i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara ar fad na hOifige mar chuid de sin. Leagann an doiciméad síos treocht shoiléir do ghníomhaíochtaí na hOifige sa tréimhse idir foilsiú an Ráitis agus na socruithe nua reachtúla atá beartaithe faoi theacht i bhfeidhm an INIS.
- Faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (SMI) tháinig an fhoireann le chéile lasmuigh den láthair ar dhá ócáid i gcaitheamh na bliana chun láithriúcháin a chlos agus topaicí éagsúla ar díol spéise iad don eagraíocht a phlé, lena n-áirítear an Clár um Chomhtháthú Straitéiseach Inimirce agus Tearmainn (AISIP), tabhairt isteach an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint agus an tseirbhís do chustaiméirí.
- Ullmhaíodh dhá phlean maidir le dul chun cinn ar Phlean Nuachóirithe agus Gníomhaíochta *I dTreo 2016*. Clúdaíonn an plean gníomhaíochta seo an tréimhse suas go Meán Fómhair 2008 agus leagann amach ár gclár oibre – i bhfoirm gníomhartha, tréimhsí ama agus táscairí feidhmíochta aontaithe – le haghaidh nuachóiriú, solúbthachta agus comhar le hathrú leantach san eagraíocht sa tréimhse sin.
- Cuireann an tAcht um Míchumas 2005 – a dearadh chun teacht ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas – oibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí chun seirbhísí agus eolas inrochtaine a chur ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas. Lena chois sin, tá forálacha san Acht i dtaobh inrochtaineacht ar fhoirgnimh. Chun a chinntiú go ngéillimid go hiomlán d'fhorálacha an Acht um Míchumas 2005, thug an Oifig faoi roinnt tionscnamh i 2007 mar a leagtar amach i moltaí an iniúchta rochtana dár bhfoirgneamh a rinneadh i 2007. Orthu seo bhí:
  - doirse a oibrítear le cumhacht íseal-fuinnimh a chur in áit na ndoirse inmheánacha ag láithreacha aitheanta a raibh tionchar suntasach aige ar an éascacht lenar tháinig daoine isteach agus amach as an bhfoirgneamh.
  - soláthar dhá cheann de spásanna páirceála breise inrochtana suite laistigh de 50 méadar ón bhfoirgneamh le haghaidh úsáideoirí cathaoireacha rotha a bhfuil soghluaisteacht teoranta acu.
- Dréachtaíodh Beartas Bainistíochta Taifead agus sraith Prionsabal agus Treoirlínte don Oifig do bhainistíocht optamach na dtaifead agus na gcomhad neamhchás san Oifig. Ceapadh agus cuireadh chun feidhme chomh maith i gcaitheamh na bliana bunachar sonraí nua bainistíochta taifead chun comhaid ghinearálta laistigh den Oifig a rianú.

4

Aguisíní

Aguisín 1 – Struchtúr Fhoireann Bhainistíochta na hOifige



An tAonad um Ghlacadh

Dlúthchuid den phróiseas tearmainn is ea an tAonad um Ghlacadh a rialaíonn glacadh le agus próiseáil iarratais ar thearmann ar an gcéad dul síos.

An tAonad Riaracháin um Phróiseáil Cásanna

Comhtháthaíodh an tAonad Sceidealaithe agus an tAonad Riaracháin i Samhain 2005. Oibríonn na haonaid seo anois mar aonán amháin ar a dtugtar an "tAonad Riaracháin um Phróiseáil Cásanna".

Is iad feidhmeanna an Aonad Riaracháin um Phróiseáil Cásanna:

- agallaimh a sceidealú do lucht iarrtha tearmainn.
- socruithe a dhéanamh ionas go mbeidh seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin ar fáil.
- an áit feithimh d'agallaimh a bhainistiú.
- fógraí cinnidh a eisiúint d'iarrthóirí tearmainn agus do pháirtithe lena mbaineann i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann.
- próiseáil a dhéanamh ar chásanna a mheastar a bheith tarraingthe siar.
- tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do na hAonaid Phróiseáil Cásanna.
- comhfhreagras a phróiseáil maidir leis na hAonaid Phróiseáil Cásanna.
- clárleabhar staitistiúil a chothabháil agus a choimeád chun dáta.

Aonad Bhaile Átha Cliath

Tá Aonad Bhaile Átha Cliath freagrach as cur chun feidhme Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath in Éirinn. Pléann an tAonad, go ginearálta, le hiarratais chun iarratais ar thearmann a aistriú chuig Stáit eile de chuid Choinbhinsean Bhaile Átha Cliath agus pléann le hiarratais ó Stáit eile chun iarrthóirí ar thearmann a aistriú go dtí an Stát seo.

Aonaid Phróiseáil Cásanna

Is é próiseáil cásanna croí-fheidhm na hOifige agus ciallaíonn sé éilimh ar stádas dídeanaí a imscrúdú ar bhonn cás ar chás. Is é príomhchuspóir na nAonad Phróiseáil Cásanna ná imscrúdú cóir, tráthúil agus éifeachtúil a dhéanamh ar iarratais ar dhearbhú mar dhídeanaí agus moltaí atá láidir ó thaobh an dlí de a dhéanamh maidir le hiarratais mar iad. Áirítear ar an imscrúdu agallamh aonair a chur ar iarrthóirí, taighde oibiachtúil a dhéanamh ar na héilimh a dhéantar agus moltaí a dhéanamh faoi cibé ar chóir 'glacadh' le hiarratas nó 'diúltú' dó.

An tAonad Athaontú Teaghlaigh

Scrúdaíonn an tAonad Athaontú Teaghlaigh iarratais ó theifigh ar chead go ligfí do bhaill áirithe dá dteaghlaigh teacht isteach agus cur fúthu sa Stát.

Athbhreithniú Breithiúnach

Ullmhaíonn an tAonad Athbhreithniú Breithiúnach freagra na Oifige ar iarratais ar athbhreithniú breithiúnach agus ar iarratais ar chead chun cur isteach ar athbhreithniú breithiúnach i gcás moltaí agus/nó nósanna imeachta chéad uaire. Scrúdaíonn an tAonad an t-iarratas agus ullmhaíonn mionteagasc don chomhairle agus mionnaíonn siad mionnscríbhinní freagracha sa chás go measann ár gcomhairleoirí dlíthiúla gur cuí. Má nochtann athbhreithniú breithiúnach earráid nó easnamh atá ábhartha do mholadh na chéad uaire féachfaidh an tAonad le teacht ar shocrú gan mhoill a bheidh sásúil don da thaobh.

An tAonad Láithriúcháin

Is é ról an Aonaid Láithriúcháin ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe, freagairt a thabhairt ag éisteachtaí achomhairc ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas in achomharc an achomharcóra agus cuidiú leis an gComhalta Binse teacht ar mholadh cóir agus ceart. Soláthraíonn an tAonad freagairtí reachtúla faoi ailt 16(6) and 16(7) d'Acht na nDídeanaithe, 1996.

An tAonad Beartais agus Nósanna Imeachta

Is é ról an Aonaid seo gníomhú mar acmhainn lárnach eolais chun treoir a sholáthar maidir le forbairt agus athbhreithniú leanúnach ar bheartas agus ar nósanna imeachta na hOifige maidir le bainistiú agus imscrúdú éileamh agus chun an oiliúint chuí a chomhordú agus a sholáthar don fhoireann sa mhéid sin.

An tAonad Tacaíochta COI/RSD

Is é ról an Aonaid seo tacaíocht éifeacht a sholáthar do na hAonaid Phróiseáil Cásanna agus Láithriúcháin trí Eolas ar Thíortha Tionscnaimh, Dearbhú Cáilíochta agus acmhainní treoir RSD na hOifige a fhorbairt de réir na bhforbairtí sa reachtaíocht, sa dlí-eolaíocht agus sa chleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Lár-Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí

Tá cúram ar an Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí as forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar struchtúir na seirbhíse do chustaiméirí, as bhainistiú ceisteanna ó chustaiméirí agus as idirchaidreamh le heagraíochtaí eile (idir rialtasach agus neamhrialtasach).

Oifig Chorparáideach

Is é ról na hOifige Corparáidí ná maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar tacaíocht ardchaighdeáin riaracháin agus rúnaíochta don Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe agus dá Foireann Bainistíocht Sinsearach chun a chumasú di a feidhmeanna reachtúla agus neamhreachtúla a chomhlíonadh. Comhordaíonn an Oifig ábhar mar fhreagra ar iarratais ó inter alia, ranna/gníomhaireachtaí rialtais agus na meáin; ullmhaítear ann gach doiciméd corparáideach agus tá cúram uirthi as iad a scaipeadh.

An tAonad Daonacmhainní

Is é ról an Aonaid Daonacmhainní díriú ar chur chuige straitéiseach a fhorbairt agus a chur chun feidhme i leith Bainistiú Daonacmhainní. Forbraíonn an tAonad beartais agus nósanna imeachta daonacmhainní don eagraíocht agus tá Oifigeach Comhionannais agus Míchumais aici a ceapadh go háitiúil le cinntiú go mbíonn an fhoireann ar fad ar an eolas mar gheall ar na beartais atá ann maidir le deiseanna cothroma, míchumas agus bulaíocht agus ciapadh. Próiseálann sé chomh maith iarratais ar scéimeanna saoire teaghlaigh, iarratais ar aistrithe, iarratais ar shaoire speisialta, etc. agus déanann idirchaidreamh leis an Roinn maidir le cúrsaí foirne. Tá sé freagrach chomh maith as bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna Daonacmhainní a cineachadh chuig an Oifig ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (.i. fleisc-am, saoire bhliantúil agus saoire speisialta le pá).

An tAonad Oiliúna Daonacmhainní

Tá cúram ar Oiliúint Daonacmhainní as oiliúint a chomhordú, a éascú agus a sholáthar don bhfoireann. Oibríonn an tAonad go dlúth le hAonaid eile agus le hoiliúnóirí intí chun a chinntiú go n-aithnítear riachtanais oiliúna agus go dtagann an oiiúint a chuirtear ar fáil le riachtanais na heagraíochta trí a bheith ábhartha agus sonrach don bpost. Tá cúram air chomh maith as scéimeanna athchistiú táillí a oibriú agus coimeádann sé na bunachair sonraí PMDS agus oiliúna.

Eagar/Airgeadas

Tá cúram ar an Aonad Eagraíochta/Airgeadais as bainistiú agus rialú airgeadais, sláinte agus sábháilteacht agus soláthar seirbhísí riachtanacha tacaíochta (m.sh. cóiríocht, trealamh, soláthairtí) d'aonaid eile den Oifig.

An tAonad Teicneolaíochta Faisnéise/ Faisnéise Bainistíochta

Tá cúram ar an Aonad Teicneolaíocht an Eolais/ Eolas Bainistíochta as soláthar, cothabháil agus forbairt gach trealaimh agus córas, bog-earraí agus bonneagar don Oifig chomh fada agus a bhaineann sé le Teicneolaíocht an Eolais agus cumarsáid líne shocraithe. Tá an tAonad freagrach chomh maith as staitisticí agus eolas bainistíochta a thiomsú agus a scaipeadh agus soláthraíonn sé tacaíocht theicniúil agus oilúint ar raon ceisteanna.

An tAonad Cóipeála/Clárúcháin

Ta an tAonad Cóipeála/Clárúcháin freagrach as bainistiú comhad agus cóipeáil comhad san Oifig.

Nós Imeachta Aonair

Comhchuimseofar feidhmeanna na hOifige i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) nuair a achtófar an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2007 atá le plé i dTithe an Oireachtais i bhfómhar na bliana 2007. Beidh cúram ar an INIS as sin amach as iarratais ar stádas dídeanaí a chinneadh sa chéad áit mar chuid de nós imeachta aonair níos forleithne a bhreithneoidh ceisteanna maidir le fochosaint agus cead fanacht chomh maith.

Cinntíonn Foireann Idirlinne Nós Imeachta Aonair go bhforbraíonn agus go gcuireann an Oifig i ngníomh na nósanna imeachta agus na beartais a theastaíonn chun cur i gníomh na reachtaíochta nua beartaithe a éascú. Áireofar air seo athbhreithniú agus leasú ar dhoiciméid atá in úsáid go reatha sa phróiseas tearmainn amhail an bhileog eolais agus an ceistneoir. Tá an Fhoireann Idirlinne bainteach chomh maith le comhordú agus forbairt na modúl oiliúna a theastaíonn chun an nós imeachta aonair nua a thabhairt isteach.

Líon na nIarratas in aghaidh na bliana ó 1992 go 2007



Iarratais a fuarthas de réir na míosa ó 01/01/07 go 31/12/07



Láithreacha Iarratais 2007



Aois Tugtha ag Iarrthóirí 2007



Miondealú de réir Inscne 2007



Na Sé Thír Thionscnaimh ba Choitianta 2007



Comparáid idir Iarratais a Fuarthas agus Cásanna a Críochnaíodh 2007



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll	Iomlán Bliantúil
Iarratais a Fuarthas	*385*	*333*	*347*	*277*	*318*	*316*	*358*	*294*	*318*	*356*	*343*	*340*	**3,985**
Cásanna a Críochnaíodh	*388*	*278*	*429*	*271*	*370*	*287*	*389*	*363*	*306*	*389*	*384*	*298*	**4,152**

Cásanna a Críochnaíodh 2007



Cead Tugtha:	*Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir go mbronnfaí stádas dídeanaí ar an iarrthóir.*
Diúltaithe a.13(4)(b):	*Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh ar an iarrthóir (faoi fhorálacha an Achta is infheidhme i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2003). Caithfear achomharc a dhéanamh chuig an mBinse laistigh de 15 lá.*
Diúltaithe a.13(2):	*Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh mar ar tarraingíodh siar iarratas nó gur measadh é a bheith tarraingthe siar (faoi fhorálacha an Achta is infheidhme i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2003). Ní ceadmhach achomharc a dhéanamh chuig an mBinse.*
Diúltaithe a.13(5):	*Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh ar an iarrthóir agus tá tátal cuimsithe ina tuarascáil faoi alt 13(6) (under the fhorálacha an Achta is infheidhme i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2003). Caithfear a dhéanamh laistigh de 10 lá.*
Cinneadh Rialachán Bhaile Átha Cliath II	*I gcásanna inar bunaíodh gur cheart iarratas an iarrthóra ar stádas dídeanaí a chinneadh i dtír eile de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE.*

Moltaí a Eisíodh 2007



Agallaimh a Sceidealadh agus a Rabhthas i Láthair dóibh 2007



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll
Sceidealta	*384*	*330*	*483*	*254*	*389*	*314*	*340*	*325*	*317*	*364*	*396*	*265*
I láthair	*295*	*261*	*241*	*200*	*266*	*217*	*264*	*241*	*225*	*246*	*283*	*186*
** % i láthair*	*93*	*93*	*58*	*88*	*75*	*84*	*87*	*83*	*82*	*85*	*79*	*85*

** Ní áirítear ar ráta freastail na n-iarrthóirí agallaimh a chuir an Oifig siar.*

Iarratais a bhí fós idir lámha ag 01/01/07 go 31/12/07



Iarratais a bhí fós idir lámha ag deireadh bliana 1997 go 2007



Staitisticí do Rialachán Bhaile Átha Cliath II don tréimhse 01/01/2007 go 31/12/2007



[1] I roinnt cásanna déantar iarratais ar thíortha eile an Choinbhinsiúin faoi Airteagal 21 de Rialachán Bhaile Átha Cliath II. Déantar na fiosruithe chun a fháil amach an bhfuil aon eolas ag an Stát iarrtha ar an Iarrthóir, m.sh. cás ina ndiúltaíonn Stát 1 d'iarraidh foirmeáilte na hÉireann ach tugann le fios go bhféadfadh Stát eile a bheith freagrach.

[2] Nótáil, ní dhéantar iarraidh foirmiúil go huathoibríoch mar thoradh ar gach fiosrú dearfach faoi alt 21 agus cuireadh cásanna ar aghaidh chuig Sceidealú le haghaidh agallamh substaintiúil. Ar na cúiseanna bhí daonnachtúil, cúiseanna teaghlaigh, aois an iarratasóra.

Airteagal 21 Fiosruithe ar Bhallstáit 2007



Airteagal 21 Rialachán Bhaile Átha Cliath II chuig Stáit eile Rialachán Bhaile Átha Cliath II i 2007

Mí Iarratais	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll	Iomlán
2007	*16*	*4*	*14*	*7*	*14*	*14*	*26*	*15*	*11*	*42*	*60*	*34*	**257**

Freagraí ar Airteagal 21 a eisíodh i 2007



Iarratais Fhoirmeálta ar Bhallstáit 2007



Iarratais Fhoirmeálta ar Bhallstáit eile

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll	Iomlán
Iarratais 2007	*47*	*39*	*37*	*24*	*32*	*26*	*56*	*34*	*32*	*41*	*25*	*26*	**419**

Freagraí ar Iarratais Fhoirmeálta a eisíodh 2007



Iarratais Fhoirmeálta ó Bhallstáit eile ar Éirinn 2007



Iarratais Fhoirmeálta ó Bhallstáit eile ar Éirinn 2007

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll	Iomlán
Iarratais 2007	*8*	*8*	*11*	*14*	*13*	*15*	*12*	*11*	*15*	*10*	*7*	*7*	**131**

Freagraí ar Iarratais Fhoirmeálta ó Bhallstáit eile ar Éirinn 2007



Aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II i 2007



Aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II i 2007

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll	Iomlán
Aistrithe Isteach	*3*	*6*	*4*	*4*	*7*	*5*	*5*	*8*	*2*	*6*	*1*	*2*	**53**
Aistrithe Amach	*26*	*30*	*10*	*5*	*7*	*22*	*20*	*23*	*20*	*23*	*20*	*19*	**225**

Tábla A

Catagóir	Líon a Próiseáladh
Litreacha agus Faicseanna	*13,082*
Uimhir Ghutháin	*4,779*
*Ceisteanna Ríomhphoist**	*13,607*
Iomlán	**31,468**

** Ar na ceisteanna riomhphoist a fuarthas bhí 10,542 ceist a fuarthas bealach post na hOifige agus 3,065 ríomhphost maidir le heolas a roinnt le heagraíochtaí rialtais eile.*

Tábla B

Catagóir	Líon a Próiseáladh
Comhaid a cóipeáladh	*3,603*
Comhaid a aistríodh	*13,543*
Iomlán	**17,146**

Nóta: Tagraíonn an t-iomlán de chomhaid a cóipeáladh don líon de chomhaid iarbhír a fótacóipeáladh ach ní léiríonn sé go gcuirtear ceithre chóip de gach comhad ar fáil i bhformhór na gcásanna.

Próifíl an Chaiteachais Phá in Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe: 1 Eanáir – 31 Nollaig, 2007

Tá an figiúr pá le haghaidh Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe cónasctha leis an nGníomhaireacht um Fháiltiú & Imeascadh, an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, Cinntí Aireachta, Aonaid Bheartais Inimirce Tearmainn de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi Fho-mhírcheann D.1 de Vóta Dlí agus Cirt 19. Ba é an toradh le haghaidh pá i gcás Fho-mhírcheann D.1 den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ná €29.97m, ar úsáid an Oifig €8.59m de.

Próifíl de Chaiteachas Neamh-Phá Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe: 1 Eanáir – 31 Nollaig, 2007

Miondealú ar Chaiteachas Neamh-Phá

Cur Síos	**Méid**
Taisteal	€36,481
Éidí**	€5,949
Oiliúint & Forás Foirne	€122,495
Fógraíocht**	€7,129
Foilseacháin, Tuarascálacha & Tréimhseacháin**	€15,025
Costais Ghníomhaire Taistil**	€17,398
Ilghnéitheach	€61,053
Aistriúchán/Ateangaireacht	€1,459,498
Costais Liachta**	€961
Páipéarachas	€77,480
Costais Dlí**	€362
Postas	€74,289
Seirbhísí Teileachumarsáide	€119,955
Crua-earraí TF – Sócmhainní	€75,565
Cothabháil TF	€109,838
Troscán/Trealamh Oifige Sócmhainn**	€6,237
Teas Solas & Breosla	€175,322
Comhairliú**	€0
Leabharlann & Taighde Dlí**	€1,297
Trealamh Oifige**	€4,555
Costais Dlí	€1,125,101
Fótachóipeálaí Sócmhainn**	€18,639
Costais Ghinearálta an Áitribh	€370,687
Fótachóipeáil & Gaolmhar	€47,836
Iomlán	€3,933,152

** Mar a dheimhnigh an tAonad Bainistithe Airgeadais, An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 9 Eanáir 2008.*

** Féach le do thoil go bhféadfadh an figiúr seo athrú go dtí go mbeidh Cuntas Leithghabhála 2007 foilsithe don Vóta Dlí & Cirt.*

*** Tá na hiomláin maidir leis na cóid mhíre seo ró-bheag le léiriú ar an bpíchairt.*

Caiteachas Neamh-Phá na hOifige 2007 – €3,933,152



- Taisteal **0.9%**
- Oiliúint & Forás Foirne **3.1%**
- Ilghnéitheach **1.6%**
- Aistriúchán/ Ateangaireacht **37.1%**
- Páipéarachas **2.0%**
- Postas **1.9%**
- Seirbhísí Teileachumarsáide **3.0%**
- Crua-earraí TF – Sócmhainní **1.9%**
- Cothabháil TF **2.8%**
- Teas Solas & Breosla **4.5%**
- Costais Dlí **28.6%**
- Costais Ghinearálta an Áitribh **9.4%**
- Fótachóipeáil & Gaolmhar **1.2%**

Acht na nDídeanaithe 1996

An phríomh-mhír reachtaíochta baile a phléann le dídeanaithe agus le lucht iarrtha tearmainn ná Acht na Dídeanaithe, 1996, a tháinig i bhfeidhm i 2000. Comhshnaidhmeann an tAcht Coinbhinsiún na Ginéive 1951 leis an dlí baile. Foráiltear ann do bhunú na hOifige agus an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus leagtar amach ann creat le haghaidh cinneadh iarratas ar thearmann. (Leasaíodh Acht 1996 ag an Acht Inimirce 1999, Acht na nInimirceoirí Mídhleathacha (Gáinneáil) 2000, an Acht Inimirce 2003 agus an Acht Inimirce 2004.)

Cinneadh Stádas Dídeanaí

Mar a dtagraítear dó in alt 17 den Acht, mar a dtugann an tAire don dídeanaí lena mbaineann, tar éis mholadh ón gCoimisinéir Iarratais do Dhideanaithe, nó i ndiaidh cinneadh ag an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe moladh an Choimisinéara a chur i leataobh, ráiteas i scríbhinn gur dídeanaí é/í.

Rialachán Bhaile Átha Cliath II

Tagann Rialachán Bhaile Átha Cliath II, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2003, in ionad Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath. Soláthraíonn an Rialachán seo modh chun a chinneadh cén tír de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath II atá freagrach as iarratas ar stádas dídeanaí a scrúdú. Tá gach Ballstát den Aontas Eorpach faoi cheangal ag an Rialachán. Oibríonn an Íoslainn agus an Iorua an Rialachán freisin.

EURODAC

Córas chun méarloirg a mhalartú go leictreonach idir bhallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn agus an Iorua. Cuirtear méarloirg ar aghaidh chuile lá go dtí bunachar sonraí lárnach i Lucsamburg.

Eolas faoi Thír Tionscnaimh (COI)

Bíonn Eolas faoi Thír Tionscnaimh (COI) comhdhéanta den iliomad cineál eolais dála reachtaíocht, tuairiscí nuachta, léarscáileanna, doiciméid oifigiúla m.sh. pasanna, ceada oibre. Úsáidtear é mar chabhair chun substaint iarratais ar Chinneadh Stádas Dídeanaí a chinneadh.

EURASIL (Líonra an Aontais Eorpaigh do chleachtóirí tearmainn/Réseau de l'UE pour les praticiens de l'asile)

Fóram le haghaidh cleachtóirí tearmainn san AE chun eolas a mhalartú ar cheisteanna tearmainn mar córais chinneadh stádas dídeanaí agus córais eolais faoi thír tionscnaimh.

Seirbhísí Dlí do Dhídeanaithe

Is seirbhís í an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe a sholáthraíonn an Bord Cúnamh Dlí agus cuireann sí seirbhísí dlí ar fáil d'iarrathóirí atá ag lorg stádas dídeanaí.

Coinbhinsean NA

Is ionstraim idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a síníodh sa bhliain 1951 chun stádas dlíthiúil dídeanaithe a mhíniú. Ghlac Comhdháil Lánchumhachtach de chuid na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún a bhaineann le Stádas Dídeanaí an 28 Iúil 1951, agus tháinig sé i bhfeidhm an 21 Aibreán 1954. Tá reachtaíocht na hÉireann i ndáil le dídeanaithe bunaithe ar na prionsabail i gCoinbhinsiún 1951.

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR)

Bunaíodh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe an 1 Eanáir 1951. Nótáiltear go sonrach i gCoinbhinsiún 1951 go bhfuil de chúram ar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe maoirsiú a dhéanamh ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta ina ndéantar foráil maidir le cosaint a sholáthar do dhídeanaithe, agus a chinntiú go ndéantar comhordú éifeachtach ar na bearta a dhéantar chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin i gcomhar leis na stáit éagsúla.

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

79-83 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
Teileafón: 01-6028000
Lóghlao: 1890 202418
Faics: 01-6028122

Ríomhphost: oracmail@orac.ie
Láithreán Gréasáin: www.orac.ie